



Seisiún iomlánach

A9-0385/2023

4.12.2023

*****I**

TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2001/110/CE ón gComhairle maidir le mil, Treoir 2001/112/CE ón gComhairle maidir le súnna torthaí agus táirgí cosúla áirithe a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine, Treoir 2001/113/CE ón gComhairle maidir le subha torthaí, glóthacha agus marmaláid agus purée castáin milsithe a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine agus Treoir 2001/114/CE ón gComhairle maidir le bainne leasaithe atá díohiodráitithe go páirteach nó go hiomlán a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine (COM(2023)0201 – C9-140/2023 – 2023/0105(COD))

An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Rapóirtéir don tuairim: Alexander Bernhuber

Eochair do na siombailí a úsáidtear

- * An nós imeachta comhairliúcháin
- *** Nós imeachta an toilithe
- ***I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- ***II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- ***III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le cló trom iodálach sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le cló trom iodálach sa dá cholún. Léirítear téacs nua le cló trom iodálach sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le cló trom iodálach. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le cló trom iodálach agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.

Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	5
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN	37
TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE....	39
IARSCRÍBHINN: EINTITIS NÓ DAOINE ÓNA BHFUAIR AN RAPÓIRTÉIR DON TUAIRIM IONCHUR	77
NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR	78
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR.....	79

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2001/110/CE ón gComhairle maidir le mil, Treoir 2001/112/CE ón gComhairle maidir le súnna torthaí agus táirgí cosúla áirithe a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine, Treoir 2001/113/CE ón gComhairle maidir le subha torthaí, glóthacha agus marmaláid agus purée castáin milsithe a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine agus Treoir 2001/114/CE ón gComhairle maidir le bainne leasaithe atá díohiodráitithe go páirteach nó go hiomlán a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine (COM(2023)0201 – C9-140/2023 – 2023/0105(COD))

(Gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0201),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-140/2023),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 21 Meán Fómhair 2023¹,
 - ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an...²,
 - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A9-0385/2023),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
 2. á iarraidh go ndéanfaidh an Coimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
 3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

¹ IO C [...], [...], lch. [...].

² IO C [...], [...], lch. [...].

Leasú 1

Togra le haghaidh Treorach Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(2) Leagtar síos le Treoir 2001/110/CE²⁰ ón gComhairle sainmhínithe, ainmneacha, rialacha comhchoiteanna maidir le comhdhéanamh agus ceanglais lipéadaithe le haghaidh meala.

²⁰ Treoir 2001/110/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2001 maidir le mil (IO L 10, 12.1.2002, lch. 47).

Leasú

(2) Leagtar síos le Treoir 2001/110/CE²⁰ ón gComhairle sainmhínithe, ainmneacha, rialacha comhchoiteanna maidir le comhdhéanamh, cáilíocht agus ceanglais lipéadaithe le haghaidh meala.

²⁰ Treoir 2001/110/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2001 maidir le mil (IO L 10, 12.1.2002, lch. 47).

Leasú 2

Togra le haghaidh Treorach Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(3) I bhfianaise an dlúthcheangail atá idir cáilíocht na meala agus a tionscnamh agus an gá nach gcuirfí an tomhaltóir amú maidir le cáilíocht an táirge, leagtar síos le Treoir 2001/110/CE rialacha maidir le lipéadú an tionscnaimh inar buaineadh an mhil. Go háirithe, ceanglaítear le hAirteagal 2(4) den Treoir sin an tír nó na tíortha tionscnaimh inar buaineadh an mhil a léiriú ar an lipéad agus foráiltear leis, más de thionscnamh níos mó ná Ballstát amháin nó tríú tír amháin an mhil, féadfar ceann amháin díobh seo a leanas a chur in ionad thásce éigeantach na dtíortha tionscnaimh, de réir mar is iomchuí: ‘cumasc de mheala AE’, ‘cumasc de mheala neamh-AE’, ‘cumasc de mheala AE agus neamh-AE’. D’fhéadfadh sé go ndearna na rialacha éagsúla arna nglacadh ag na Ballstáit ar an mbonn sin tomhaltóirí a chur amú agus

Leasú

(3) I bhfianaise an dlúthcheangail atá idir cáilíocht na meala agus a tionscnamh agus an gá nach gcuirfí an tomhaltóir amú maidir le cáilíocht an táirge, leagtar síos le Treoir 2001/110/CE rialacha maidir le lipéadú an tionscnaimh inar buaineadh an mhil. Go háirithe, ceanglaítear le hAirteagal 2(4) den Treoir sin an tír nó na tíortha tionscnaimh inar buaineadh an mhil a léiriú ar an lipéad agus foráiltear leis, más de thionscnamh níos mó ná Ballstát amháin nó tríú tír amháin an mhil, féadfar ceann amháin díobh seo a leanas a chur in ionad thásce éigeantach na dtíortha tionscnaimh, de réir mar is iomchuí: ‘cumasc de mheala AE’, ‘cumasc de mheala neamh-AE’, ‘cumasc de mheala AE agus neamh-AE’. D’fhéadfadh sé go ndearna na rialacha éagsúla arna nglacadh ag na Ballstáit ar an mbonn sin tomhaltóirí a chur amú agus

d'fhéadfadh sé gur chuir siad bac ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. I bhfianaise chuspóir na Straitéise Ón bhFeirm go dtí an Forc mar atá tomhaltóirí a neartú chun roghanna eolasacha a dhéanamh, lena n-áirítear maidir le tionscnamh a mbia, agus d'fhonn feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh a chaomhnú ar fud an Aontais trí chomhchuibhiú na rialacha lipéadaithe, is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh le haghaidh lipéadú ar thionscnamh meala agus é a dhéanamh mar fhoráil go luafaí an tír nó na tíortha tionscnaimh ar an bpacáistíocht. I bhfianaise mhéid laghdaithe na bpacáistí nach bhfuil iontu ach riar amháin meala (pacáistí bricfeasta) agus na deacrachtaí teicniúla a eascraíonn astu, is iomchuí, dá bhrí sin, na pacáistí sin a dhíolmhú ón oibleagáid na tíortha tionscnaimh uile a liostú, i gcás gur de thionscnamh níos mó ná tír amháin an mhil.

d'fhéadfadh sé gur chuir siad bac ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. I bhfianaise chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais agus chuspóir na Straitéise 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' maidir le tomhaltóirí a neartú agus roghanna eolasacha á ndéanamh acu, lena n-áirítear maidir le tionscnamh geografach a mbia, agus ar mhaithe le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh a chaomhnú ar fud an Aontais trí na rialacha maidir le lipéadú a chomhchuibhiú, is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha maidir le lipéadú ar thionscnamh meala agus foráil a dhéanamh gur cheart an tír tionscnaimh nó na tíortha tionscnaimh a lua in ord íslitheach, de réir a sciar faoi seach mar chéatadán de mheáchan na meala atá sa phacáiste, ar an bpacáistíú. I bhfianaise na spéise ar leith a léiríonn tomhaltóirí i dtionscnamh geografach na meala, i ndáil lena saintréithe agus lena cáilíocht, agus an gá atá le trédhearcacht iomlán san earnáil sin, ba cheart an tír tionscnaimh nó na tíortha tionscnaimh, eadhon an áit ar buaineadh an mhil, a bheith ar an lipéad sa réimse radhairc céanna le tasc an táirge. I bhfianaise mhéid laghdaithe na bpacáistí nach bhfuil iontu ach cuid amháin meala (pacáí bricfeasta) agus na deacrachtaí teicniúla a eascraíonn as sin, i gcás pacáistí beaga den sórt sin amháin, i gcás gur de thionscnamh níos mó ná tír amháin an mhil, ba cheart go bhféadfaí na tíortha tionscnaimh a shonrú ar an lipéad trí úsáid a bhaint as an gcód tíre ISO faoi seach.

Leasú 3

Togra le haghaidh Treorach Aithris 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3a) Tugann tuairiscí an Choimisiúin ar ghóchumadh na meala ó 'Gníomhaíocht chomhordaithe an Aontais ó na Coirceoga' agus

'Gníomhaíocht chomhordaithe an Aontais chun cleachtais chalaioiseacha áirithe in earnáil na meala a dhíspreagadh' chun suntais go bhfuil amhras ann go bhfuil céatadán ard meala iompórtáilte á dtruaimheascadh agus go ndearbhaíonn sé roinnt cásanna calaoise in earnáil na meala, lena n-áirítear úsáid síoróipí siúcra atá an-deacair a bhrath fiú le modhanna anailiseacha sofaisticiúla. Le Treoir 2001/110/CE, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún modhanna iomchuí anailise a bhunú lena áirithiú go gcomhlíonann mil a mhargaítear san Aontas ceanglais na reachtaíochta. Ba cheart bearta agus forálacha a dhéanamh chun teorainn a chur leis na féidearthachtaí maidir le calaois, chun rialuithe a éascú agus chun inrianaitheacht agus anailís níos fearr ar cháilíocht agus ar thionscnamh meala a cheadú. Sa chomhthéacs sin, leis na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo chun na tíortha tionscnaimh a léiriú mar aon lena gcéatadáin faoi seach ar an lipéad, ba cheart na réamhchoinníollacha a chruthú chun córas inrianaitheachta iomlán a chur chun feidhme. D'fhágfadh rochtain ar fhaisnéis mhionsonraithe iomlán maidir le tionscnamh agus comhdhéanamh na meala go mbeadh sé níos éasca do na saotharlanna anailise meala an tásc geografach ar an bpacáistiú meala a fhíorú agus calaois a bhrath. Chun cruinneas na faisnéise maidir le tír tionscnaimh na meala a áirithiú, ba cheart go mbeadh cur ar an margadh ag brath ar chruinneas na faisnéise a sholáthraítear maidir le comhdhéanamh an táirge. Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh táirgí na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát seiceálacha rialta agus rioscabhunaithe a dhéanamh.

Leasú 4

**Togra le haghaidh Treorach
Aithris 3 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3b) D'fhonn teorainn a chur a mhéid is féidir le calaois a bhaineann le táirgí truaillmheasctha nach bhfreagraíonn don ainmniú 'mil', chun bailíochtú na faisnéise a sholáthraítear faoi thionscnamh agus faoi cháilíocht na meala a chumasú, agus chun an trédhearcacht is mó is féidir a chur ar fáil, ba cheart rialacha an Aontais maidir le hinrianaítheacht a fhorlíonadh le rialacha íosta éigeantacha comhchuibhithe agus córas inrianaítheachta a thabhairt isteach lena n-áirítheofar infhaighteacht agus rochtain ar fhaisnéis bhunriachtanach maidir le tionscnamh na meala nó na meala i gcumasc, lena n-áirítear an tír thionscnaimh, an bhliain táirgthe agus aitheantóir uathúil táirgeora, feadh an tslabhra soláthair. I gcás meala a tháirgtear agus a allmhairítear isteach san Aontas, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát a bheith in ann an slabhra iomlán a leanúint ar ais chuig na beachairí buainte nó, i gcás meala allmhairithe, chuig an táirgeoir. Níor cheart go gcuirfeadh na rialacha sin le hualach riaracháin na dtáirgeoirí, ach ba cheart go mbeadh sé níos éasca do thomhaltóirí agus do na húdaráis mhaoirseachta súil a choinneáil ar aistear iomlán na meala ó bhuaire go buidéalú.

Leasú 5

**Togra le haghaidh Treorach
Aithris 3 c (nua)**

(3c) Is iondúil go ndéanann tomhaltóirí míthuiscint ar an téarma ‘mil scagtha’, a úsáidtear i dTreoir 2001/110/CE, agus ní dhéanann siad idirdhealú idir ultrascagachán agus scagachán a dhéanann beachairí tar éis a mil a bhaint chun cáithníní céarach agus ábhar coimhthíoch eile a bhaint. Chun a áirithiú go mbeidh faisnéis chruinn ar fáil do thomhaltóirí, agus inrianaitheacht agus infhíoraitheacht bharántúlacht meala agus tionscnamh meala, níor cheart go gceadófaí mil ultrascagtha, dá dtagraítear i dTreoir 2001/110/CE mar ‘mil scagtha’, a mhargú agus a lipéadú mar ‘mil’ a thuilleadh. Tagraíonn ultrascagachán do phróisis scagacháin trí úsáid a bhaint as mogall scagaire ar mhéid faoi 100 µm, rud a fhágann go mbaintear formhór na pailine ó mhil. Ós rud é gurb é pailín an phríomheilimint atá i mil a úsáidtear chun a bunús a rianú nuair a dhéantar anailís uirthi, fágann easpa pailine i mil go bhfuil sé beagnach dodhéanta na sonraí a sholáthraítear maidir le tír thionscnaimh nó tíortha tionscnaimh na meala a fhíorú. Dá bhri sin, athraíonn ultrascagachán mil trí cheann dá príomh-chomhpháirteanna agus dá príomhthréithe a bhaint di, agus cuireann sé cosc ar a hinrianaitheacht, rud a chumasaíonn calaois agus tásca míthreoracha do thomhaltóirí. Más rud é, nuair a dhéantar tástáil ar tháirge a chuirtear ar an margadh mar mhil, gur beag an rian atá ann nó nach bhfuil rian ar bith de phailín ann, ba cheart toirmeasc a chur air, chomh maith leis an mbaisc ar cuid di é, más infheidhme, óna chur ar an margadh. Ba cheart, dá bhri sin, Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2001/110/CE a leasú dá réir chun an leibhéal scagacháin a cheadaítear a shonrú. Ba cheart go mbeadh leibhéal den sórt sin de chineál nach n-athróidh go suntasach dlús agus speictream pailine

na meala, ach ba cheart go mbeadh sé amhlaidh chun an chuid is mó den ábhar coimhthíoch sa mhil a bhaint.

Leasú 6

Togra le haghaidh Treorach Aithris 3 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3d) Tá cóireáil teasa os cionn 40°C (± 5°C) ina chúis le díghrádú comhábhair áirithe na meala, agus ba cheart go gcuirfí ar chumas na dtomhaltóirí idirdhealú a dhéanamh idir mil atá díghrádaithe ag cóireálacha teasa den sórt sin agus mil eile. Má chóireáiltear mil os cionn 40 °C (± 5 °C), ba cheart an téarma ‘mil théite’ a bheith ar an lipéad. D’fhonn a rialú nach ann do dhíghrádú teirmeach meala, ba cheart iostairseach a leagan síos maidir le hinbhéartáis a bheith i láthair i mil, einsím atá i bhfad níos íogaire agus a dhíghrádaíonn go han-tapa ag teochtaí arda. Ós rud é go bhféadfaí modhnú a dhéanamh ar airíonna nádúrtha na meala lena théamh, tá sé tábhachtach tairseach a bhunú ar os a cionn a mheastar mil báicéara a bheith róthéite i gcomhréir le Treoir 2001/110/CE.

Leasú 7

Togra le haghaidh Treorach Aithris 3 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3e) Á mheabhrú go sonraítear go soiléir sa sainmhíniú ar mhil i dTreoir 2001/110/CE agus sa sainmhíniú sa Codex Alimentarius araon an obair a dhéanann na beacha sa choirceog tar éis dóibh a mbarr a shaothrú, barr a dhéanann siad a chlaochlú trina

mheascadh le sainábhair dá gcuid féin, iad a thaisceadh, a dhíhiodráitiú, a stóráil agus a fhágáil chun aibiú i gcóir na coirceoige. Is iad na beacha a dhéanann na hoibríochtaí sin, dhíhiodráitiú agus aibiú ina dhiaidh. Lasmuigh den Aontas, tá tíortha a ghlacann leis go mbíonn obair na mbeach sa táirgeadh meala teoranta do shaothrú táil neachtair ó phlandaí nó ó dhrúchtín meala. I gcás mil neamhaibí a tháirgtear sa tslí sin bíonn an cion taise inti i bhfad os cionn na tairsí 20% a leagtar síos i dTreoir 2001/110/CE. Oibríonn na hoibreoirí le dabhcha téite faoi fholús chun teocht fiuchphointe an uisce sa mhil a theorannú. Mar sin féin, díghradaítear an táirge críochnaitheach leis an bpróiseas sin, agus ídítear na bolai cumhra agus na heinsími. Ba cheart, dá bhrí sin, go dtoirmeascfaí le Treoir 2001/110/CE an próiseas fholúsghalaithe le haghaidh meala.

Leasú 8

Togra le haghaidh Treorach Aithris 3 f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3f) Saobhtar an iomaíocht i margadh an Aontais Eorpaigh de bharr thráchtálú meala nach mbíonn aibithe go nádúrtha ag beacha, agus an chuid is mó di á hallmhairiú ó thriú tíortha. I bhformhór na gcásanna bíonn folúsghalú an uisce sa mhil i gceist, rud a ídíonn na bolaithe cumhra a bhíonn i láthair go nádúrtha. Bíonn an galú uisce sciobtha agus saorga ón mil in iomaíocht leis an bpróiseas díthaisiriúcháin mall a dhéanann beacha go nádúrtha sa choirceog. Ba cheart, dá bhrí sin, galú saorga a thoirmeasc.

Leasú 9

Togra le haghaidh Treorach

Aithris 3 g (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3g) *Ba cheart an sainmhíniú ar mhí, mar a leagtar síos i dTreoir 2001/110/CE, a chosaint ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO), chun sainmhíniú a sheachaint lena gceadófaí táirgí ar chostas íseal a onnmhairiú faoin ainm ‘míl’, rud a dhéanfaidh dochar do cháilíocht agus do chobhsaíocht mhargadh meala an Aontais agus do mhuinín tomhaltóirí as táirgí an Aontais.*

Leasú 10

Togra le haghaidh Treorach Aithris 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(4a) *Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún an cur chuige Aon Sláinte Amháin a chur san áireamh chun a áirithiú go n-urramófar na naisc idir sláinte an duine agus sláinte ainmhithe agus an comhshaol. Ní mór do tháirgeadh bia agus bia a bheith sláintiúil do dhaoine agus d’ainmhithe agus ba cheart leas ainmhithe agus teorainneacha pláinéadacha a chur san áireamh, lena n-áirítear astaíochtaí gás ceaptha teasa chun a áirithiú go ndéanfar na spriocanna ceangailteacha a leagtar síos le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* a urramú go hiomlán.*

** Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (‘An Dlí Aeráide Eorpach’) (IO L 243, 9.7.2021,*

Leasú 11

Togra le haghaidh Treorach Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(5) In 2012, leasaíodh Treoir 2001/112/CE le Treoir 2012/12/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²² chun na rialacha nua maidir le comhábhair údaraithe a léiriú, amhail na rialacha a bhaineann le siúcraí a chur leis, rud nach raibh údaraithe a thuilleadh i súnna torthaí. I bhfianaise an athraithe sin ar cheanglais chomhdhéanaimh maidir le súnna torthaí, ceadaíodh don tionscal sú torthaí úsáid a bhaint as, ar feadh bliain amháin, ráiteas a thabharfadh le fios nach bhfuil siúcraí breise i súnna torthaí ar bith, chun tomhaltóirí a chur ar an eolas agus é a chur ar a gcumas acu idirdhealú soiléir a dhéanamh láithreach idir súnna torthaí agus táirgí áirithe eile dá samhail i dtéarmaí siúcraí a chur sna táirgí. Dhealraigh sé go raibh an tréimhse ama ghearr sin neamhleordhóthanach chun an tsochaí a chur ar an eolas, tar éis na rialacha nua maidir le comhábhair údaraithe, nach bhfuil sé údaraithe a thuilleadh siúcraí a chur i súnna torthaí. Mar thoradh air sin, i gcás cuid de na tomhaltóirí agus cleachtóirí sláinte, níl sé soiléir fós nach féidir siúcraí breise a bheith i súnna torthaí, contrártha le neachtair thorthaí.

Leasú

(5) In 2012, leasaíodh Treoir 2001/112/CE le Treoir 2012/12/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²² chun na rialacha nua maidir le comhábhair údaraithe a léiriú, amhail na rialacha a bhaineann le siúcraí a chur leis, rud nach raibh údaraithe a thuilleadh i súnna torthaí. I bhfianaise an athraithe sin ar cheanglais chomhdhéanaimh maidir le súnna torthaí, ceadaíodh don tionscal sú torthaí úsáid a bhaint as, ar feadh bliain amháin, ráiteas a thabharfadh le fios nach bhfuil siúcraí breise i súnna torthaí ar bith, chun tomhaltóirí a chur ar an eolas agus é a chur ar a gcumas acu idirdhealú soiléir a dhéanamh láithreach idir súnna torthaí agus táirgí áirithe eile dá samhail i dtéarmaí siúcraí a chur sna táirgí. Dhealraigh sé go raibh an tréimhse ama ghearr sin neamhleordhóthanach chun an tsochaí a chur ar an eolas, tar éis na rialacha nua maidir le comhábhair údaraithe, nach bhfuil sé údaraithe a thuilleadh siúcraí a chur i súnna torthaí. Mar thoradh air sin, i gcás cuid de na tomhaltóirí agus cleachtóirí sláinte, níl sé soiléir fós nach féidir siúcraí breise a bheith i súnna torthaí, contrártha le neachtair thorthaí. ***Tá baint ag an iomarca saorshiúcraí nó milseoirí neamh-siúcra le héifeachtaí díobhálacha ar shláinte. Is minic nach rogha níos sláintiúla iad táirgí, amhail súnna próiseáilte, nó neachtair, a chuireann leibhéal laghdaithe siúcra chun cinn ná táirgí a bhfuil siúcra nádúrtha nó nach bhfuil aon siúcra breise curtha leo, agus nach bhfuil siad oiriúnach in ionad torthaí nó glasraí úra. Chun soiléireacht a chur ar fáil do thomhaltóirí agus do chleachtóirí sláinte,***

níor cheart lipéadú míthreorach a cheadú a spreagann súnna nó neachtair phróiseáilte a chur in ionad torthaí nó bia cothaitheach eile. Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún torthaí staidéar EFSA ar uasleibhéal iontógála inghlactha le haghaidh siúcraí cothaithe a urramú, go háirithe an moladh gur gá saorshiúcraí agus siúcraí breise a aicmiú le chéile i dtéarmaí na dtorthaí sláinte do shaoránaigh. Faoin 31 Nollaig 2024, ba cheart don Choimisiún togra a thíolacadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun tomhaltóirí a chur ar an eolas ar bhealach níos fearr maidir le láithreach agus méid na saorshiúcraí agus siúcraí breise i dtáirge.

²² Treoir 2012/12/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2012 lena leasaítear Treoir 2001/112/CE ón gComhairle maidir le súnna torthaí agus táirgí áirithe comhchosúla a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine (IO L 115, 27.4.2012, lch. 1).

²² Treoir 2012/12/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2012 lena leasaítear Treoir 2001/112/CE ón gComhairle maidir le súnna torthaí agus táirgí áirithe comhchosúla a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine (IO L 115, 27.4.2012, lch. 1).

** Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 agus (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón Chomhairle, agus lena naisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún Eorpach, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún Eorpach, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2002/67/CE agus 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún (IO L 304, 22.11.2011, lch. 18).*

Leasú 12

Togra le haghaidh Treorach Aithris 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(7a) I bhfianaise chuspóir an Chomhaontaithe Ghlais agus na Straitéise ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ tacú le tomhaltóirí agus roghanna eolasacha á ndéanamh acu, lena n-áirítear maidir le tionscnamh geografach a mbia, agus ar mhaithe le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh ar fud an Aontais a chaomhnú trí na rialacha maidir le lipéadú a chomhchuibhiú, i gcomhréir leis an reachtaíocht atá ann faoi láthair maidir le torthaí úra, is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha maidir le súnna torthaí agus foráil a dhéanamh gur cheart tír thionscnaimh nó tíortha tionscnaimh na dtorthaí a úsáidtear chun súnna torthaí a tháirgeadh a léiriú in ord íslitheach agus lena gcéatadán faoi seach ar an bpacáistiú.

Leasú 13

Togra le haghaidh Treorach Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(8) De thoradh dul chun cinn teicniúil, tá teicnící nua próiseála forbartha nó á bhforbairt chun siúcraí a fhaightear go nádúrtha a bhaint de shúnna torthaí agus de shúnna torthaí ó dhlúthán, chun aghaidh a thabhairt ar éileamh méadaithe tomhaltóirí ar tháirgí a bhfuil cion siúcra níos ísle acu. Is féidir táirgí den sórt sin a mhargú san Aontas a mhéid a chomhlíonann siad gach reachtaíocht ábhartha. Faightear na táirgí sin trí chóireáil nach ceann de na cóireálacha údaraithe i gCuid II, pointe 3, d’Iarscríbhinn I a ghabhann le

(8) De thoradh dul chun cinn teicniúil, tá teicnící nua próiseála forbartha nó á bhforbairt chun siúcraí a fhaightear go nádúrtha a bhaint de shúnna torthaí agus de shúnna torthaí ó dhlúthán, chun aghaidh a thabhairt ar éileamh méadaithe tomhaltóirí ar tháirgí a bhfuil cion siúcra níos ísle acu. ***Níor cheart go n-úsáidfí milseoirí ná breiseáin mar thoradh ar na teicnící nua sin mar chúiteamh ar an éifeacht a bhíonn ag laghdú siúcra ar bhlas, ar uigeacht agus ar cháilíocht an táirge deiridh.*** Is féidir táirgí den sórt sin a

Treoir 2001/112/CE í a chur i bhfeidhm, áfach, agus tá a gcion iomlán siúcra, ar a dtugtar leibhéal Brix do thuaslagán uiscí, níos ísle ná sin de shú a eastósctar as na torthaí. Mar thoradh air sin, b'fhéidir nach mbeadh an t-ainm táirge 'sú torthaí' nó 'sú torthaí ó dhlúthán' orthu.

mhargú san Aontas a mhéid a chomhlíonann siad gach reachtaíocht ábhartha. Faightear na táirgí sin trí chóireáil nach ceann de na cóireálacha údaráithe i gCuid II, pointe 3, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/112/CE í a chur i bhfeidhm, áfach, agus tá a gcion iomlán siúcra, ar a dtugtar leibhéal Brix do thuaslagán uiscí, níos ísle ná sin de shú a eastósctar as na torthaí. Mar thoradh air sin, b'fhéidir nach mbeadh an t-ainm táirge 'sú torthaí' nó 'sú torthaí ó dhlúthán' orthu.

Leasú 14

Togra le haghaidh Treorach Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(9) Tá fáil níos mó ar tháirgí den sórt sin ar mhargadh an Aontais. Chun cur ar an margadh inmheánach na dtáirgí sin a éascú, ag cur san áireamh freisin an gá atá le hathfhoirmliú táirgí a spreagadh chun an méid siúcraí atá i súnna torthaí a laghdú, ba cheart catagóir nua táirgí a chruthú le haghaidh súnna torthaí a bhfuil a gcuid siúcraí a fhaightear go nádúrtha bainte go hiomlán nó go páirteach agus na saintréithe fíor-riachtanacha fisiceacha, ceimiceacha, orgánaileipteacha agus cothaitheacha eile á gcoimeád. Ba cheart go mbeadh an t-ainm táirge 'sú torthaí le siúcra laghdaithe' nó 'sú torthaí siúcra-laghdaithe ó dhlúthán' ar na táirgí seo agus go mbeadh leibhéal Brix níos ísle ná leibhéal an sú a eastósctar as na torthaí. Chun comhsheasmhacht a áirithiú le Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ba cheart an cion siúcra a laghdú 30 % ar a laghad i gcomparáid le sú torthaí agus sú torthaí ó dhlúthán. Is iomchuí, dá bhrí sin, an chatagóir nua táirgí a chur isteach i gCuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/112/CE chomh maith le rialacha a leagan síos maidir le comhábhair údaráithe na dtáirgí sin, chomh maith leis

Leasú

(9) Tá fáil níos mó ar tháirgí den sórt sin ar mhargadh an Aontais. Chun nuálaíocht a éascú a laghdaíonn méid na siúcraí atá i súnna torthaí agus a chuireann na táirgí sin ar an margadh inmheánach, ba cheart catagóir nua táirgí a chruthú do shúnna torthaí ar baineadh na siúcraí a fhaightear go nádúrtha astu ina n-iomláine nó i bpáirt, agus na saintréithe riachtanacha eile fisiceacha, ceimiceacha, orgánaileipteacha agus cothaitheacha á gcoinneáil. ***Ba cheart diantoirmeasc a chur ar aon chineál siúcra nó milseora breise, bídis nádúrtha nó saorga, sna táirgí sin.*** Ba cheart go mbeadh an t-ainm táirge 'sú torthaí le siúcra laghdaithe' nó 'sú torthaí siúcra-laghdaithe ó dhlúthán' ar na táirgí seo agus mbeadh leibhéal Brix níos ísle ná leibhéal an sú a eastósctar as na torthaí. Chun comhsheasmhacht a áirithiú le Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ba cheart an cion siúcra a laghdú 30 % ar a laghad i gcomparáid le sú torthaí agus sú torthaí ó dhlúthán. Is iomchuí, dá bhrí sin, an chatagóir nua táirgí a chur isteach i gCuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/112/CE chomh maith le

na cóireálacha agus na substaintí údaraithe.

rialacha a leagan síos maidir le comhábhair údaraithe na dtáirgí sin, chomh maith leis na cóireálacha agus na substaintí údaraithe.

Leasú 15

Togra le haghaidh Treorach Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(16) I gcás ina méadaítear an chainníocht torthaí a úsáidtear chun subha agus glóthacha a mhonarú, laghdaítear an méid siúcra breise a theastaíonn chun an cion íosta d'ábhar tirim intuaslachta a shroicheadh sna táirgí sin. Chun táirgeadh subh a spreagadh le leibhéal méadaithe cion torthaí agus ar an gcaoi sin chun tacú le margadh na dtorthaí agus ag cur san áireamh an gá atá le cion saorshiúcra a laghdú, ba cheart an chainníocht íosta torthaí atá le húsáid i monarú subh agus subh breise a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/113/CE a mhéadú. Chun táirgeadh glóthach a spreagadh le leibhéal méadaithe cion torthaí agus ar an gcaoi sin chun tacú le margadh na dtorthaí, ba cheart an chainníocht íosta torthaí atá le húsáid i monarú glóthach agus glóthach breise a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/113/CE a mhéadú. Ar an gcaoi chéanna, i bhfianaise cuidiú le tomhaltóirí roghanna bia sláintiúla, níos eolasaí a dhéanamh, is iomchuí úsáid na n-ainmneacha forchoimeáda a shainítear i gCuid I den Iarscríbhinn sin a údarú do tháirgí a bhfuil cion ábhair thirim intuaslachta níos lú ná 60 % acu ach a chomhlíonann na coinníollacha is infheidhme maidir leis an maíomh cothaithe 'siúcraí laghdaithe' a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 a mhéid a bhaineann le siúcra laghdaithe.

Leasú

(16) I gcás ina méadaítear an chainníocht torthaí a úsáidtear chun subha agus glóthacha a mhonarú, laghdaítear an méid siúcra breise a theastaíonn chun an cion íosta d'ábhar tirim intuaslachta a shroicheadh sna táirgí sin. Chun táirgeadh subh a spreagadh le leibhéal méadaithe cion torthaí agus ar an gcaoi sin chun tacú le margadh na dtorthaí agus ag cur san áireamh an gá atá le cion saorshiúcra a laghdú, ba cheart an chainníocht íosta torthaí atá le húsáid i monarú subh agus subh breise a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/113/CE a mhéadú. Chun táirgeadh glóthach a spreagadh le leibhéal méadaithe cion torthaí agus ar an gcaoi sin chun tacú le margadh na dtorthaí, ba cheart an chainníocht íosta torthaí atá le húsáid i monarú glóthach agus glóthach breise a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/113/CE a mhéadú. ***Thairis sin, ba cheart gach comhábhar a lua ar an lipéad agus níor cheart laghdú ar an gcion siúcra a chúiteamh le milseoirí.*** Ar an gcaoi chéanna, i bhfianaise cuidiú le tomhaltóirí roghanna bia sláintiúla, níos eolasaí a dhéanamh, is iomchuí úsáid na n-ainmneacha forchoimeáda a shainítear i gCuid I den Iarscríbhinn sin a údarú do tháirgí a bhfuil cion ábhair thirim intuaslachta níos lú ná 60 % acu ach a chomhlíonann na coinníollacha is infheidhme maidir leis an maíomh cothaithe 'siúcraí laghdaithe' a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 a mhéid

a bhaineann le siúcra laghdaithe.

Leasú 16

Togra le haghaidh Treorach Aithris 16 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(16a) I bhfianaise chuspóir an Chomhaontaithe Ghlais agus na Straitéise ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ tacú le tomhaltóirí agus roghanna eolasacha á ndéanamh acu, lena n-áirítear maidir le tionscnamh geografach a mbia, agus ar mhaithe le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh ar fud an Aontais a chaomhnú trí na rialacha maidir le lipéadú a chomhchuibhiú, i gcomhréir leis an reachtaíocht atá ann faoi láthair maidir le torthaí úra, is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha maidir le subha, glóthacha, marmaláidí agus purée cnó capaill milsithe agus foráil a dhéanamh gur cheart tír thionscnaimh nó tíortha tionscnaimh na dtorthaí a úsáidtear chun táirgí den sórt sin a fháil a léiriú in ord íslitheach agus lena gcéatadán faoi seach ar an bpacáistiú.

Leasú 17

Togra le haghaidh Treorach Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(23) Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm laistigh de thréimhse 18 mí ó dháta a teachta i bhfeidhm. Chun neart ama a thabhairt d’oibreoirí le dul in oiriúint do na ceanglais nua, ba cheart nach mbeadh feidhm ag na forálacha náisiúnta sin lena dtrasuitear an

(23) Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm laistigh de thréimhse 12 mí ó dháta a teachta i bhfeidhm. Chun neart ama a thabhairt d’oibreoirí le dul in oiriúint do na ceanglais nua, ba cheart nach mbeadh feidhm ag na forálacha náisiúnta sin lena dtrasuitear an

Treoir seo go dtí 24 mhí tar éis dháta teacht i bhfeidhm na Treorach seo.

Treoir seo go dtí 18 mhí tar éis dháta teacht i bhfeidhm na Treorach seo.

Leasú 18

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Leasaítear Airteagal 2 de Threoir 2001/110/CE mar a leanas:

Leasaítear Treoir 2001/110/CE mar seo a leanas:

Leasú 19

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 a (nua) Treoir 2001/110/CE Airteagal 2 – mír 2 – fomhír 1

An téacs atá ann

Leasú

(1a) In Airteagal 2, mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

2. ní bheidh feidhm ag na hainmneacha táirgí dá dtagraítear i bpointe 2 agus i bpointe 3 d'Iarscríbhinn I ach amháin maidir leis na táirgí a shainítear iontu agus úsáidfear iad sa trádáil chun iad a ainmniú. Féadfar ainm an táirge shimplí 'mil' a chur in ionad na n-ainmneacha sin, ach amháin i gcás mil scagtha, mil chíre, mil smutáin nó mil chíre ghearrtha agus mil báicéara.

"2. ní bheidh feidhm ag na hainmneacha táirgí dá dtagraítear i bpointe 2 agus i bpointe 3 d'Iarscríbhinn I ach amháin maidir leis na táirgí a shainítear iontu agus úsáidfear iad sa trádáil chun iad a ainmniú. Féadfar ainm an táirge shimplí 'mil' a chur in ionad na n-ainmneacha sin, ach amháin i gcás mil chíre, mil smutáin nó mil chíre ghearrtha agus mil báicéara."

(02001L0110)

Leasú 20

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 b (nua) Treoir 2001/110/CE Airteagal 2 – mír 2 – fomhír 2 – pointe b – an chuid réamhráiteach

(b) seachas i gcás mil scagtha agus mil báicéara, féadfar ainmneacha na dtáirgí a fhorlíonadh le faisnéis a thagraíonn do na nithe seo a leanas:

(1b) *In Airteagal 2, mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití de phointe b den dara fomhír:*

“(b) ach amháin i gcás meala báicéara, féadfar ainmneacha na dtáirgí a fhorlíonadh le faisnéis a thagraíonn do na nithe seo a leanas:”

(02001L0110)

Leasú 21

Togra le haghaidh Treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 c (nua)

Treoir 2001/110/CE

Airteagal 2 – mír 2 – fomhír 2 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(1c) *In Airteagal 2, mír 2, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:*

“(ba) *Beidh cód aitheantóra atá nasctha le córas inrianaitheachta ag gach mil, a mhargaítear le sainathint nach ionann é agus sainathint an bheachaire, a chuirfidh ar chumas údaráis inniúla na mBallstát slabhra soláthair iomlán meala ar leith a rianú siar chomh fada le beachairí, nó oibreoirí buainte, i gcás meala allmhairithe. Ní bheidh rochtain ag tomhaltóirí ar aon fhaisnéis phearsanta a áirítear sa chóras inrianaitheachta ach amháin le comhaontú tháirgeoirí na baisce nó na mbaisceanna lena mbaineann. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas inrianaitheachta a leagtar amach sa phointe seo maidir le beachairí a bhfuil níos lú ná 150 coirceog acu.*”

Leasú 22

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Treoir 2001/110/CE
Airteagal 2 – mír 4 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) Déanfar an tír thionscnaimh inar buaineadh an mhil a léiriú ar an lipéad. I gcás gur de thionscnamh níos mó ná tír amháin an mhil, déanfar na tíortha tionscnaimh inar buaineadh an mhil a léiriú ar lipéad na bpacáistí a bhfuil níos mó ná 25 g iontu;

Leasú

(a) Déanfar an tír thionscnaimh inar buaineadh an mhil a léiriú ar an lipéad. Más de thionscnamh níos mó ná tír amháin an mhil, léireofar ar an lipéad, in ord íslitheach de réir sciar gach tíre tionscnaimh de mheáchan na meala atá sa phacáiste, na tíortha tionscnaimh inar saothraíodh an mhil, agus sonrúfar iontu an céatadán beacht do gach tír, nó an raon céatadán is infheidhme maidir le sciar na tíre mar a shonraítear i bpointe (aa).

Más i dtríú tíortha amháin a buaineadh an mhil, nó más ionann tríú tíortha agus 75 % ar a laghad de thíortha tionscnaimh na meala i gcumasc, léireofar an fhaisnéis sin go soiléir ar an lipéad tosaigh le ráiteas “ina bhfuil 75 % nó níos mó de mhil neamh-AE” nó “mil neamh-AE”.

Leasú 23

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Treoir 2001/110/CE
Airteagal 2 – mír 4 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(aa) maidir le pacáistí ina bhfuil níos mó ná 30 g, sonrúfar ar an lipéad an sciar céatadán de réir meáchain do gach tír thionscnaimh agus úsáid á baint as ceann de na raonta seo a leanas:

>90%

70%-90%

50%-70%

30%-50%

10%-30%

<10%

Maidir le pacáistí ina bhfuil 30 g nó níos lú, féadfar an sciar céatadáin de réir meáchain do gach tír thionscnaimh a léiriú ar an lipéad ag úsáid ceann de na raonta seo a leanas:

>75%

50%-75%

25%-50%

<25%

Leasú 24

Togra le haghaidh Treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2

Treoir 2001/110/CE

Airteagal 2 – mír 4 – pointe a b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ab) i gcás pacáistí ina bhfuil níos lú ná 30 g de mhil chumaisc de thionscnamh níos mó ná tír amháin, agus sna pacáistí sin amháin, féadfar na tíortha tionscnaimh a léiriú ar an lipéad trí úsáid a bhaint as cód tíre ISO 3166 alpha-2.

Leasú 25

Togra le haghaidh Treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2

Treoir 2001/110/CE

Airteagal 2 – mír 4 – pointe a c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ac) má léiríonn dhá thír nó níos mó le chéile 98 % ar a laghad den mheáchan atá sa chumasc, ní gá na tíortha tionscnaimh do na cainníochtaí iarmharacha a lua ar an lipéad.

Leasú 26

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2

Treoir 2001/110/CE

Airteagal 2 – mír 4 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) Chun críocha Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 agus go háirithe Airteagal 12 go hAirteagal 15 de, measfar gur sonraí sainordaitheacha iad na sonraí atá le cur in iúl i gcomhréir le pointe (a) den mhír seo i gcomhréir le hAirteagal 9 den Rialachán sin.

Leasú 27

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 a (nua)

Treoir 2001/110/CE

Airteagal 3

An téacs atá ann

I gcás meala scagtha agus meala báicéara, léireoidh bulc-choimeádáin, pacáistí agus doiciméid trádála ainm iomlán an táirge, dá dtagraítear i bpointe 2(b)(viii)

Leasú

(b) *seachas i gcás mil báicéara a bheartaítear a úsáid go tionsclaíoch, féadfar na hainmneacha sin a fhorlíonadh le faisnéis faoi na nithe seo a leanas maidir leis an mil:*

– *de bhunadh bláthach nó plandúil, má thagann an táirge go hiomlán nó go príomha ón bhfoinse a léirítear agus má léiríonn sé saintréithe orgánaileipteacha, fisiciceimiceacha agus micreascópacha an tionscnaimh shonraithe;*

– *tionscnamh réigiúnach, críochach nó topagrafach, má thagann an táirge go hiomlán ón bhfoinse léirithe;*

– *sainchritéir cháilíochta.*

Leasú

(2a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

"Airteagal 3

I gcás meala atá beartaithe le haghaidh úsáidí tionsclaíocha amhail mil báicéara, bulc-choimeádáin, doiciméid pacáistithe agus díolacháin, léireofar go soiléir ainm iomlán an táirge mar a leagtar amach i

d'Iarscríbhinn I, agus i bpointe 3.

bpointe 3 d'Iarscríbhinn I.”

<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02001L0110-20140623>

Leasú 28

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 b (nua)
Treoír 2001/110/CE
Airteagal 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2b) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

“Airteagal 4a

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe tráth nach déanaí ná... [an dáta 12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] chun an Treoír seo a fhorlíonadh trí mhodheolaíocht chomhchuibhíthe a bhunú chun bunús beacht na meala a chinneadh. Cuirfidh an mhodheolaíocht sin ar chumas údaráis inniúla na mBallstát mil a rianú siar go dtí a tír thionscnaimh nó a tíortha tionscnaimh trí bhíthin tástáil saotharlainne nó aon mhodh eile a mheastar a bheith iomchuí.

2. Ón ... [OIFIG NA BHFOILSEACHÁN: Cuir isteach, le do thoil an dáta = 18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], cuirfear mil ar an margadh ar choinníoll go gcomhlíonfaidh sí na ceanglais inrianaitheachta a leagtar amach san Airteagal seo. Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát seiceálacha chun a fhíorú go dtagann an mhil ón tír nó ó na tíortha a luaitear ar an lipéad. Déanfaidh na húdaráis inniúla seiceálacha rialta agus rioscabhunaithe chun a shuíomh an gcomhlíonann na táirgí ábhartha atá curtha ag an oibreoir nó ag an trádálaí ar an margadh an Treoír seo.”

Leasú 29

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 c (nua)
Treoir 2001/110/CE
Iarscríbhinn I – mír 2 – pointe b – pointe viii

An téacs atá ann

(viii) mil scagtha:

Mil a fuarthas trí ábhar orgánach nó neamhorgánach coimhthíoch a bhaint ar bhealach ina ndéantar an phailín a bhaint uaidh go suntasach.

Leasú

(2c) In Iarscríbhinn I, mír 2, pointe b, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe viii:

"(viii) mil *neamhthéite*

An mhil a fuarthas ar mil í a baineadh as na cíora, a scinceáladh agus ansin, dá mba ghá, a criathraíodh. Mil a ainmnítear amhlaidh níor téadh í a mhéid gur díghrádaíodh na heinsími agus na heilimintí teasiogaire inti sa mhéid nach gcomhlíonann siad na critéir a leagtar síos i bpointí 6 agus 6a d'Iarscríbhinn II níos mó.

(02001L110)

Leasú 30

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 d (nua)
Treoir 2001/110/CE
Iarscríbhinn II – mír 2

An téacs atá ann

Nuair a chuirtear ar an margadh í mar mhil nó nuair a úsáidtear í in aon táirge a ceapadh lena chaitheamh ag an duine, ní chuirfeadh aon chomhábhar bia eile le mil, lena n-áirítear breiseáin bhia, ná ní chuirfeadh aon ábhair bhreise eile léi seachas mil. Caithfidh mil, a oiread agus is *féidir*, a bheith saor ó ábhair orgánacha nó

Leasú

(2d) In Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"Nuair a chuirtear ar an margadh í mar mhil nó nuair a úsáidtear í in aon táirge a ceapadh lena chaitheamh ag an duine, ní chuirfeadh aon chomhábhar bia eile le mil, lena n-áirítear breiseáin bhia, ná ní chuirfeadh aon ábhair bhreise eile léi seachas mil. Caithfidh mil a bheith saor ó ábhair orgánacha nó neamhorgánacha atá

neamhorgánacha atá coimhthíoch dá comhdhéanamh. Cé is moite de phointe 3 d'Iarscríbhinn I, ní mór gan aon bhlas nó boladh coimhthíoch a bheith air, gan tús a bheith curtha le coipeadh, gan aigéadacht a athraíodh go saorga a bheith aige nó a bheith téite ar bhealach ina scriostar na heinsímí nádúrtha nó ina ndearnadh iad a dhíghníomhachtú go suntasach.

coimhthíoch dá comhdhéanamh. Cé is moite de phointe 3 d'Iarscríbhinn I, ní mór gan aon bhlas nó boladh coimhthíoch a bheith air, gan tús a bheith curtha le coipeadh, gan aigéadacht a athraíodh go saorga a bheith aige nó a bheith téite ar bhealach ina scriostar na heinsímí nádúrtha nó ina ndearnadh iad a dhíghníomhachtú go suntasach nó gan a bheith nochta d'fholúsghalú. *Caithfidh mil, i gcás ina margaítear mar mhil í nó ina n-úsáidtear í in aon táirge a ceapadh lena chaitheamh ag an duine, na saintréithe comhdhéanaimh a leagtar amach i bpointí 1 go 6 den Iarscríbhinn seo a chomhlíonadh. Ina theannta sin, i gcás ina margaítear mil mar “mhil amh” nó mar “mhil neamhthéite”, caithfidh sí na saintréithe comhdhéanaimh a leagtar amach i bpointe 6a a chomhlíonadh freisin.*

(02001L110)

Leasú 31

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 e (nua)
Treoir 2001/110/CE
Iarscríbhinn II – mír 3

An téacs atá ann

Gan dochar do phointe 2(b)(viii) d'Iarscríbhinn I, ní fhéadfar pailín ná aon chomhábhar eile atá sonracha do mhíl a bhaint ach amháin i gcás nach féidir é sin a sheachaint agus ábhar orgánach agus neamhorgánach coimhthíoch á bhaint.

(02001L110)

Leasú

(2e) In Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“Ní cheadaítear aon athrú suntasach ar áireamh na pailíne, ná ar speictream pailíne ar lú é ná 100 µm. Ní fhéadfar aon chomhábhar meala atá níos lú ná 100 µm a bhaint.”

Leasú 32

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 f (nua)
Treoir 2001/110/CE
Iarscríbhinn II – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2f) In Iarscríbhinn II cuirtear an pointe a leanas isteach:

"6a. innéacs inbhéartáise (aonad Gontarski) le haghaidh 'mil neamhthéite'. Arna chinneadh i ndiaidh próiseála agus cumaisc. — go ginearálta, nach lú ná 50 U/kg — mil ina bhfuil cion íseal einsíme nádúrtha, nach lú ná 25 U/kg."

Leasú 33

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 – pointe b a (nua)
Treoir 2001/112/CE
Airteagal 3 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ba) Cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

"3a. Léireofar ar an lipéad tosaigh tír thionscnaimh na dtorthaí a úsáidtear chun an sú a mhonarú. Más de thionscnamh níos mó ná tír amháin an toradh a úsáidtear, sonrófar na tíortha thionscnaimh ar an lipéad in ord íslitheach de réir a gcionmhaireachta sa sú torthaí."

Leasú 34

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 – pointe c
Treoir 2001/112/CE
Airteagal 3 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Gan dochar do Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**, féadfaidh an ráiteas ‘ní bhíonn siúcraí breise in aon sú torthaí’ a bheith ar an lipéad sa réimse radhairc céanna le hainm na dtáirgí dá dtagraítear i gCuid I, pointe 1, d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo.

Leasú 35

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 – pointe d
Treoir 2001/112/CE
Airteagal 3 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

6. Gan dochar d’Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 maidir le meascáin de shú torthaí agus de shú torthaí ó dhlúthán, agus maidir le neachtar torthaí a fhaightear go hiomlán nó go páirteach ó tháirge comhdhlúite amháin nó níos mó, beidh na focail ‘ó dhlúthá(i)n’ nó ‘go páirteach ó dhlúthá(i)n’ ar an lipéadú, de réir mar is iomchuí. Déanfar an fhaisnéis sin a iontráil gar d’ainm an táirge, a sheasfaidh amach go maith ó chúlra ar bith, i gcarachtair a bheidh infheicthe go soiléir.;

Leasú 36

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 – pointe d a (nua)
Treoir 2001/112/CE
Airteagal 3 – mír 7 a (nua)

Leasú

4. Gan dochar do Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**, féadfaidh an ráiteas “ní bhíonn ann ach siúcraí a fhaightear go nádúrtha” a bheith ar an lipéad sa réimse radhairc céanna le hainm na dtáirgí dá dtagraítear i gCuid I, pointe 1, d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo.

Leasú

6. Gan dochar d’Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 maidir le meascáin de shú torthaí agus de shú torthaí ó dhlúthán, do shú torthaí le siúcra laghdaithe, do shú torthaí le siúcra laghdaithe ó dhlúthán, agus do neachtar torthaí a fhaightear go hiomlán nó go páirteach ó tháirge dlútháin amháin nó níos mó, beidh na focail ‘as dlúthá(i)n’ nó ‘go páirteach as dlúthá(i)n’ ar an lipéadú, de réir mar is iomchuí. Déanfar an fhaisnéis sin a iontráil gar d’ainm an táirge, a sheasfaidh amach go maith ó chúlra ar bith, i gcarachtair a bheidh infheicthe go soiléir.;

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(da) Cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

"7a. Ní dhéanfar maímh maidir le hairíonna deimhneacha, amhail sochair shláinte, comhábhair nó luach cothaitheach, i gcomparáid leis na torthaí nádúrtha atá sa sú torthaí nó sna táirgí a liostaítear i bpointí 1 go 4 d'Iarscríbhinn I, ar an lipéadú le haghaidh sú torthaí le siúcra laghdaithe agus sú torthaí le siúcra laghdaithe ódhlúthán dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, pointe 6."

Leasú 37

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 a (nua)
Treoir 2001/112/CE
Airteagal 10 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2a) In Airteagal 10, cuirtear an dara mír seo a leanas isteach:

Tiocfaidh Cuid 1, pointe 6, d'Iarscríbhinn I i bhfeidhm an ... [12 mhí ón dáta a cuireadh leis an Treoir seo sainmhíniú ar 'saintréithe riachtanacha fisiceacha, ceimiceacha, orgánaileipteacha agus cothaitheacha de mheánchineál sú'.

Leasú 38

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 a (nua)
Treoir 2001/112/CE
Airteagal 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal 3a

Faoin 31 Nollaig 2024, tíolacfaidh an

Coimisiún togra reachtach chun Iarscríbhinn I a leasú chun sainmhíniú a thabhairt isteach ar “saintréithe riachtanacha fisiceacha, ceimiceacha, orgánaileipteacha agus cothaitheacha de mheánchineál sú”, lena gcumhdófar na príomhthorthaí a úsáidtear i súnna torthaí. ’;

Leasú 39

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 – pointe b a (nua)
Treoir 2001/113/CE
Airteagal 2 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(b a) Cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

"4a. Cuirfear tír thionscnaimh na dtorthaí agus an tsiúcra a úsáidtear chun táirgí a mhonarú a shainmhíniú in Iarscríbhinn I in iúl ar an lipéad. Má dhéantar táirge den sórt sin de chineál amháin torthaí, agus más de thionscnamh níos mó ná tír amháin na torthaí a úsáidtear, cuirfear na tíortha thionscnaimh ar an lipéad in ord íslitheach, de réir sciar gach tíre thionscnaimh de réir mheáchan an toraidh, agus an tsiúcra a úsáideadh chun an táirge a mhonarú, agus sonrófar an céatadán beacht do gach tír, nó an raon céatadán is infheidhme maidir le sciar na tíre.

Maidir le táirgí ina n-úsáidtear meascán de thorthaí éagsúla de thionscnamh níos mó ná tír amháin, cuirfear na tíortha thionscnaimh in iúl ar an lipéad in ord íslitheach de réir chion gach tíre thionscnaimh de mheáchan na dtorthaí a úsáidtear chun an táirge a mhonarú.

Sonrófar an sciar céatadán de réir meáchain do gach tír thionscnaimh ar lipéad na bpacáistí agus úsáid á baint as na raonta seo a leanas:

>90%

70%-90%

50%-70%

30%-50%

10%-30%

<10%

Maidir le pacáistí ina bhfuil 30 g nó níos lú, féadfar an sciar céatadáin de réir meáchain do gach tír thionscnaimh a léiriú ar an lipéad ag úsáid ceann de na raonta seo a leanas:

>75%

50%-75%

25%-50%

<25%

Ní fhéadfar na tíortha tionscnaimh a lua ar an lipéad ach amháin i gcás pacáistí ina bhfuil níos lú ná 30 g trí úsáid a bhaint as cód tíre ISO 3166 alpha-2.

Leasú 40

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 – pointe c
Treoir 2001/113/CE
Airteagal 2 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

6. I gcás inar mó ná 10 mg/kg an cion iarmharach de dhé-ocsaíd sulfair, léireofar a láithreacht ar liosta na gcomhábhar de mhaolú ar Airteagal 20 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011.;

Leasú

6. Léireofar an cion iarmharach de dhé-ocsaíd sulfair ar liosta na gcomhábhar;

Leasú 41

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Leasú 42

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

Leasú 43

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 6 – mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Táirgí a chuirtear ar an margadh nó a lipéadaítear roimh [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], i gcomhréir le Treoracha 2001/110/CE, 2001/112/CE, 2001/113/CE agus 2001/114/CE, féadfar leanúint lena margú go dtí go mbeidh na stoic ídithe.

Leasú 44

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 6 a (nua)**

Leasú

Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 12 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Leasú

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 18 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

Leasú

Táirgí a chuirtear ar an margadh nó a lipéadaítear roimh [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 18 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], i gcomhréir le Treoracha 2001/110/CE, 2001/112/CE, 2001/113/CE agus 2001/114/CE, féadfar leanúint lena margú go dtí go mbeidh na stoic ídithe.

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal 6a

Pionóis

Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sárúithe ar na forálacha náisiúnta a ghlactar de bhun na Treorach seo a leagan síos agus déanfaidh siad na bearta uile is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Leasú 45

**Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn I – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Leasaítear Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Treoir 2001/112/CE mar seo a leanas:

Leasaítear Iarscríbhinní I, **III agus V** a ghabhann le Treoir 2001/112/CE mar seo a leanas:

Leasú 46

**Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 – pointe a
Treoir 2001/112/CE
Iarscríbhinn I – cuid I – pointe a – fomhír 1 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Tá diantoirmeasc ar aon chineál siúcra nó milseora breise, bídis nádúrtha nó saorga, i sú torthaí le siúcra laghdaithe.

Leasú 47

**Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 – pointe a
Treoir 2001/112/CE
Iarscríbhinn I – cuid I – pointe a – fomhír 1 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Tá diantoirmeasc ar aon chineál siúcra nó milseora breise, bíodh sé nádúrtha nó saorga, i sú torthaí ó dhlúthán le siúcra laghdaithe.

Leasú 48

Togra le haghaidh Treorach

Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 – pointe b – pointe ii – eang 2

Treoir 2001/112/CE

Iarscríbhinn I – cuid II – pointe 3 – eang 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

– próisis chun siúcraí a fhaightear go nádúrtha a bhaint, a mhéid a choinníonn siad ar bun na saintréithe fisiceacha, ceimiceacha, orgánaileipteacha agus cothaitheacha fíor-riachtanacha eile go léir a bhaineann le meánchineál sú den toradh as a dtagann sé: scagachán scannáin, coipeadh giosta.;

— ***i gcás sú torthaí le siúcra laghdaithe agus sú torthaí ó dhlúthán le siúcra laghdaithe:*** – próisis chun siúcraí a fhaightear go nádúrtha a laghdú, a mhéid a choinníonn siad ar bun na saintréithe fisiceacha, ceimiceacha, orgánaileipteacha agus cothaitheacha fíor-riachtanacha eile go léir a bhaineann le meánchineál sú den toradh as a dtagann sé: scagachán scannáin, coipeadh giosta.;

Leasú 49

Togra le haghaidh Treorach

Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 2 a (nua)

Treoir 2001/112/CE

Iarscríbhinn V – sraith 20 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2a) In Iarscríbhinn V, cuirtear isteach an tsraith seo a leanas:

***"Gnáthainm an Toraidh: Oráiste Craorag
Ainm Luibheolaíoch Citrus × sinensis
Íosléibhéil Brix: 10"***

Leasú 50

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 1 – pointe b
Treoir 2001/113/CE
Iarscríbhinn I – Cuid I – eang 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

– Is meascán é ‘marmaláid citris’, lena dtugtar raimhre ghlóthaithe oiriúnach, d’uisce, siúcraí agus ceann amháin nó níos mó de na táirgí seo a leanas a fhaightear ó thorthaí citris: laíon, purée, sú, eastóscáin uiscí agus scamh.

Leasú

‘– Is meascán é ‘marmaláid citris’, lena dtugtar raimhre ghlóthaithe oiriúnach, d’uisce, siúcraí agus ceann amháin nó níos mó de na táirgí seo a leanas a fhaightear ó thorthaí citris: laíon, purée, sú, eastóscáin uiscí agus scamh. ***San ainm ‘marmaláid citris’, féadfar ainm an toraidh citris a úsáideadh a chur in ionad an téarma ‘citris’.***

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is é is aidhm don athbhreithniú ar na ‘treoracha bricfeasta’ aghaidh a thabhairt ar na dúshlán maidir le córais inbhuanaithe bhia i gcomhréir le Comhaontú Glas an Aontais agus an straitéis ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’, agus an nasc idir ‘daoine sláintiúla, sochaithe sláintiúla agus pláinéad sláintiúil’ á chur san áireamh. Beartaítear leis an athbhreithniú comhchuíbhíú caighdeán margaíochta chun glacadh agus soláthar táirgí inbhuanaithe a éascú agus féachtar ann le bealaí chun cur le haistí bia sláintiúla chomh maith le níos mó trédhearcachta maidir le comhdhéanamh agus tionscnamh táirgí bia.

Is geal leis an Rapóirtéir an togra ón gCoimisiún mar thúsphointe uailmhianach agus cothromaithe don phróiseas reachtach. Is mór ag an Rapóirtéir go háirithe an rún chun caighdeán mhargaíochta a chomhchuíbhíú agus a ailíniú, chun freagairt d’éileamh tomhaltóirí ar fhaisnéis thrédhearcach faoi chomhábhair agus comhdhéanamh bia agus tionscnamh táirgí, agus chun an creat dlíthiúil a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise dhul chun cinn na teicneolaíochta.

Iarrtar gníomhaíocht dhiongbháilte le tuarascálacha an Aontais a foilsíodh le déanaí maidir le cleachtais chalaíseacha atá nasctha le mil allmhairithe agus maidir le hardéileamh tomhaltóirí agus geallsealbhoirí ar fhaisnéis níos trédhearcáil agus níos cruinne maidir le tionscnamh agus comhdhéanamh na meala.

Ina leith sin, molann an Rapóirtéir cur chuige níos uailmhianaí maidir le lipéadú meala, agus riachtanais phraiticiúla atá ag táirgeoirí agus pacálaithe meala agus tionscail eile á gcur san áireamh. Go nithiúil, molann an Rapóirtéir gur cheart na tíortha tionscnaimh a lua in ord íslitheach, agus a sciar faoi seach mar chéatadán den mheáchan á léiriú ar an bpacáiste. I gcás mhéid laghdaithe na bpacáistí nach bhfuil iontu ach riar amháin meala (pacáistí bricfeasta) agus na ndeacrachtaí teicniúla a eascraíonn astu, ba cheart feidhm a bheith ag raon céatadán simplithe agus úsáid cóid tíre ISO dhá dhigit atá comhchuíbhithe go hidirnáisiúnta.

Tacaíonn an Rapóirtéir le rún an togra ón gCoimisiún táirgeadh subh ina bhfuil leibhéal méadaithe de chion torthaí a spreagadh agus tacú leis an margadh torthaí agus an gá leis an gcion siúcra shaoir a laghdú á chur san áireamh. Molann an Rapóirtéir, áfach, ar chúiseanna cáilíochta agus chun cosc a chur ar éifeachtaí diúltacha ar an inleasaitheacht agus ar chur amú bia agus ar chostais níos airde dá réir sin, go mbainfí úsáid as íoschainníochtaí torthaí beagán níos ísle i monarú subh agus glóthach a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/113/CE ná mar a mhol an Coimisiún.

I gcás súnna le siúcra laghdaithe, tacaíonn an tuarascáil leis an aidhm an margadh inmheánach a chomhchuíbhíú, lena gcumasaítear athmhúnlú táirgí agus próisis nuálacha chun siúcra a laghdú trí chatagóir thiomnaithe táirgí a chruthú do shúnna torthaí le siúcra laghdaithe. Chun na caighdeán cháilíochta is airde agus trédhearcacht a choinneáil do thomhaltóirí, molann an Rapóirtéir faisnéis a d’fhéadfadh a bheith mearbhlach nó míthreorach a sheachaint, amhail maíomh a dhéanamh nó comparáid a dhéanamh le súnna torthaí nádúrtha a thugann le fios go mbeadh táirgí le níos lú siúcra nádúrtha níos sláintiúla. Ina leith sin, molann an Rapóirtéir gan súnna le siúcra laghdaithe a fhógairt mar tháirgí lena mbaineann tairbhí sláinte níos fearr ná na gnáthshúnna nach bhfuil ach siúcra nádúrtha iontu.

Chun dlús a chur le comhchuibhiú rialacha margaíochta agus feabhsuithe maidir le trédhearcacht do thomhaltóirí agus ós rud é go meastar go bhfuil na coigeartuithe soláimhsithe ó thaobh raon feidhme agus castachta de, molann an Rapóirtéir amlíne níos uailmhianaí agus go gcuirfí dlús leis an bpróiseas chur chun feidhme.

17.11.2023

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE

chuid an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

maidir leis an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2001/110/CE ón gComhairle maidir le mil, Treoir 2001/112/CE ón gComhairle maidir le súnna torthaí agus táirgí cosúla áirithe a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine, Treoir 2001/113/CE ón gComhairle maidir le subha torthaí, glóthacha agus marmaláidí agus purée castáin milsithe a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine agus Treoir 2001/114/CE ón gComhairle maidir le bainne leasaithe atá díohiodráitithe go páirteach nó go hiomlán lena chaitheamh ag an duine
(COM(2023)0201 – C9-0140/2023 – 2023/0105(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Emmanouil Fragkos

RÉASÚNÚ GEARR

Sraith de sheacht dTreoir atá sna ‘Treoracha Bricfeasta’ mar a ghairtear díobh, lena leagtar síos rialacha comhchoiteanna maidir le comhdhéanamh, ainm díolacháin, lipéadú, pacáistiú agus comhdhéanamh foriomlán bia-ábhar áirithe lena áirithiú gur féidir leasanna tomhaltóirí agus saorghluaiseacht na dtáirgí sin sa mhargadh inmheánach aonair Eorpach a chosaint.

Tá na Treoracha Bricfeasta atá ann cheana i bhfeidhm le breis is scór bliain. Idir an dá linn, tá forbairt mhór tar éis teacht ar na margáí i gcomhair bia-ábhar, mar gheall ar an nuálaíocht sa táirgeadh go príomha, ach mar gheall ar athruithe ar riachtanais shóisialta, roghanna bia agus éileamh ó thomhaltóirí freisin. Leis na forbairtí sin, is den riachtanas athbhreithniú a dhéanamh ar na Treoracha anois, chun tacú leis an treocht san Eoraip i dtreo réimeanna bia níos sláintiúla agus chun cuidiú le táirgeoirí trí trédhearcacht i leith bia-ábhair a áirithiú mar chuid den straitéis ‘ón bhfeirm go dtí an forc’.

Leis na ‘Treoracha Bricfeasta’, cuimsítear táirgí atá tábhachtach don táirgeadh talmhaíochta san Eoraip, a thacaíonn le hioncaim na gcónaitheoirí agus a chaomhnaíonn cothromaíocht íogair i réigiúin iargúlta den Eoraip.

Sampla tipiciúil de na táirgí sin is ea mil: tá sí ar mhargaí na hEorpa leis na mílte bliain ach anois, faraor, tá dúshlán áirithe ag bagairt uirthi. Tá tacaíocht de dhíth ar bheachairí na hEorpa chun leanúint de bheith ag táirgeadh faoin tuath san Eoraip agus bíonn faisnéis agus cosaint de dhíth ar thomhaltóirí na hEorpa, ionas gur féidir leo taitneamh a bhaint as bricfeasta sláintiúil, agus na milseoirí a tháirgeann leasanna idirnáisiúnta agus a allmhairítear isteach inár margáí a sheachaint.

Bíonn ról ríthábhachtach ag pacáistiú agus lipéadú chun a áirithiú go bhfuil iomaíocht chothrom ann agus go bhfuil táirgí i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais. Maidir le mil, go háirithe, bíonn éifeacht dhíobhálach ar tháirgeoirí Eorpacha ag an easpa lipéadaithe a

bhaineann le modhanna táirgthe agus próiseála meala agus cuirtear tomhaltóirí ar míthreoir maidir le luach cothaitheach agus caighdeán an táirge.

I mí an Mhárta, 2023, d'eisigh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise tuarascáil a tháinig ar an gconclúid maidir le 46 % den mhil a allmhairítear isteach sa mhargadh Eorpach ó thíortha taobh amuigh den Aontas go raibh amhras ann go gcomhlíonann sé reachtaíocht an Aontais. Tugann an toradh sin ann féin tuairim faoi na coinníollacha iomaíochta éagóracha a mbíonn táirgeoirí meala na hEorpa ag déileáil leo. Is den riachtanas inrianaitheacht agus dianrialuithe teorann a neartú chun calaois a chosc agus tomhaltóirí a chosaint. Caithfear seiceáil chríochnúil a dhéanamh ar na cumaisc mheala a cheadaítear ar fud an Aontais Eorpaigh faoi láthair agus caithfidh gach Ballstát aonair agus, go háirithe, gach tír nach Ballstát í, óna dtagann an mhil a bheith luaite ar an lipéad.

Ní mór dúinn a shoiléiriú sa mhargadh Eorpach gur faoi na tomhaltóirí atá sé an cinneadh deiridh a dhéanamh. Ba cheart do chuideachtaí a allmhairíonn mil, agus do mhiondíoltóirí, cloí le rialacha na hEorpa agus níor cheart dóibh táirgí beachaireachta a dhíol nach gcomhlíonann an sainmhíniú ar mhil mar a leagtar amach sa Codex Alimentarius.

Ceadófar cumaisc mheala, ach beidh rogha ag an tomhaltóir deiridh. Is é an aidhm atá ann a áirithiú gur féidir le tomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh agus srian a chur leis an gcalaois. Mar shampla, beidh a fhios againn maidir leis an mil atá á hithe againn go ndearnadh seiceáil chríochnúil uirthi i leith a caighdeáin ag na teorainneacha agus go luaitear a tír thionscnaimh ar a pacáistiú agus más rud é gur cumasc í ina bhfuil mil Eorpach (e.g. mil ón tSín is ea breis is 50 % di).

Inniu caithfidimid, mar Pharlaimint na hEorpa, rialacha diana a fhorchur agus caithfidimid tacaíocht cheart a thabhairt don bheachaireacht. Níor cheart dúinn a bheith sásta leis an gcaint gan ghníomh i [rún 2018](#). Cé gur iarr FPEanna ar an gCoimisiún Eorpach gníomhartha ar leith a dhéanamh, tá 5 bliana caite agus níl aon toradh nithiúil feicthe againn. Anois an uair chun an beart a dhéanamh!

Maidir le subha agus súnna torthaí, ní mór go mbeidh sé mar aidhm againn an cion torthaí a mhéadú agus an cion siúcra a laghdú. Is féidir é sin a dhéanamh trí thaighde i dteicneolaíocht an bhia agus nuálaíocht sa táirgeadh a chur chun cinn, chun laghdú ar phróiseáil cheimiceach torthaí agus ar úsáid leasaitheach iontu. Caithfidimid a bheith an-soiléir faoin aidhm atá againn an cion siúcra a laghdú, agus ag an am céanna airíonna táirgí nádúrtha a chaomhnú agus na táirgí sin a fheabhsú le comhábhair a chuireann an tsláinte chun cinn.

Ní mór go n-áiritheofar leis an athbhreithniú seo go mbeidh oibleagáid cheangailteach ar na tíortha lena sínimid comhaontuithe trádála úsáid lotnaidicídí agus luibhicídí a laghdú agus dlús a chur lena n-iarrachtaí comhchuibhiú le caighdeáin an Aontais. Mar shampla, is minic a dhiúltaítear d'allmhairí torthaí agus glasraí ón Tuirc mar gheall ar lotnaidicídí. Níl aon tsolúbthacht ann i gcomhair eisceachtaí ar an bhforas gur chun subh a dhéanamh a úsáidfear na torthaí.

LEASUITHE

Tá an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ag iarraidh ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, an

méid seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

Togra le haghaidh Treorach Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(2) Leagtar síos le Treoir 2001/110/CE ón gComhairle²⁰ sainmhínithe, ainmneacha, rialacha comhchoiteanna maidir le comhdhéanamh meala **agus** ceanglais lipéadaithe i gcomhair meala.

²⁰ Treoir 2001/110/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2001 maidir le mil (IO L 10, 12.1.2002, lch. 47).

Leasú 2

Togra le haghaidh Treorach Aithris 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2) Leagtar síos le Treoir 2001/110/CE ón gComhairle²⁰ sainmhínithe, ainmneacha, rialacha comhchoiteanna maidir le comhdhéanamh meala, ceanglais **cháilíochta agus** lipéadaithe i gcomhair meala **agus, i Rún an 1 Márta 2018 ó Pharlaimint na hEorpa maidir le hionchais earnáil beachtaireachta an Aontais Eorpaigh agus na dúshláin atá roimpi (2017/2115(INI)), deimhnítear an sainmhíniú ar ‘mil’.**

²⁰ Treoir 2001/110/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2001 maidir le mil (IO L 10, 12.1.2002, lch. 47).

Leasú

(2a) Léiríodh i staidéir ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) go gcaithfidh an margadh meala déileáil le hardleibhéal truaillmheasctha, ós rud é go measctar mil le siúcra, síoróip siúcra nó substaintí eile. Chuir an méid sin brú anuas ar phraghsanna meala, go háirithe sa mhargadh reatha tharla gur mil allmhairithe cion suntasach den mhil a chaitear san Aontas Eorpach. Caithfidh na Ballstáit agus an Coimisiún bearta feabhais a dhéanamh chun an chalaois sin a chosc, agus ba cheart go

Leasú 3

**Togra le haghaidh Treorach
Aithris 3**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(3) I bhfianaise an dlúthcheangail idir cáilíocht mheala agus a tionscnamh agus an ghá nach gcuirfear an tomhaltóir ar mhíthreoir maidir le cáilíocht an táirge, leagtar síos le Treoir 2001/110/CE rialacha maidir le lipéadú an tionscnaimh inar saothraíodh an mhil. Go háirithe, ceanglaítear le hAirteagal 2(4) den Treoir sin an tír thionscnaimh nó na tíortha tionscnaimh inar saothraíodh an mhil a léiriú ar an lipéad agus foráiltear leis, más de thionscnamh níos mó ná Ballstát amháin nó más de thionscnamh níos mó ná tríú tír amháin an mhil, go bhféadfar ceann amháin díobh seo a leanas a chur in ionad thásc éigeantach na dtíortha tionscnaimh, de réir mar is iomchuí: ‘cumasc meala AE’, ‘cumasc meala neamh-AE’, ‘cumasc meala AE agus neamh-AE’. D’fhéadfadh sé go ndearna na rialacha éagsúla arna nglacadh ar an mbonn sin ag na Ballstáit tomhaltóirí a chur ar mhíthreoir agus bac a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. I bhfianaise chuspóir na Straitéise Ón bhFeirm go dtí an Forc mar atá tomhaltóirí a neartú chun roghanna eolasacha a dhéanamh, lena n-áirítear maidir le tionscnamh a mbia, agus d’fhonn feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh a chaomhnú ar fud an Aontais trí chomhchuíbhiú na rialacha lipéadaithe, is iomchuí na rialacha le haghaidh lipéadú tionscnaimh meala a athbhreithniú agus foráil a dhéanamh go dtabharfar an tír thionscnaimh nó na tíortha tionscnaimh ar an bpacáistiú. I bhfianaise mhéid

Leasú

(3) I bhfianaise an dlúthcheangail idir cáilíocht mheala agus a tionscnamh agus an ghá nach gcuirfear an tomhaltóir ar mhíthreoir maidir le cáilíocht an táirge, leagtar síos le Treoir 2001/110/CE rialacha maidir le lipéadú an tionscnaimh inar saothraíodh an mhil. Go háirithe, ceanglaítear le hAirteagal 2(4) den Treoir sin an tír thionscnaimh nó na tíortha tionscnaimh inar saothraíodh an mhil a léiriú ar an lipéad agus foráiltear leis, más de thionscnamh níos mó ná Ballstát amháin nó níos mó ná tríú tír amháin an mhil, go bhféadfar ceann amháin díobh seo a leanas a chur in ionad thásc éigeantach na dtíortha tionscnaimh, de réir mar is iomchuí: ‘cumasc meala AE’, ‘cumasc meala neamh-AE’, ‘cumasc meala AE agus neamh-AE’. D’fhéadfadh sé go ndearna na rialacha éagsúla arna nglacadh ar an mbonn sin ag na Ballstáit tomhaltóirí a chur ar míthreoir agus bac a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh **agus na seiceálacha a cheanglaítear faoi Chód Custaim an Aontais (UCC) a imchéimniú. I bhfianaise na líomhaintí calaoise agus iomaíochta éagóraí mar thoradh ar thruaillmheascadh táirgí meala allmhairithe, agus i bhfianaise na sonraí le deireanas a léiríonn maidir le 46% de na samplaí go léir de mhil allmharaithe a ndearna comhlachtaí poiblí ón Aontas anailís orthu go bhfuarthas gur bhain ábhar amhrais calaoise leo agus i bhfianaise chuspóir na Straitéise Ón bhFeirm go dtí an Forc mar atá tomhaltóirí**

laghdaithe na bpacáistí nach mbíonn ach riar amháin meala iontu (pacáistí bricfeasta) agus na deacrachtaí teicniúla a eascraíonn as, is iomchuí, dá bhrí sin, **na pacáistí sin a dhiolmhú ón oibleagáid na tíortha tionscnaimh uile a liostú, i gcás gur de thionscnamh níos mó ná tír amháin an mhil.**

a neartú chun roghanna eolasacha a dhéanamh, lena n-áirítear maidir le tionscnamh a mbia, **agus maidir le sonraí an tionscnaimh sin i gcás cumaise**, agus d'fhonn feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh a chaomhnú ar fud an Aontais trí chomhchuibhiú na rialacha lipéadaithe, is iomchuí na rialacha le haghaidh lipéadú tionscnaimh meala a athbhreithniú agus foráil a dhéanamh go dtabharfar an tír tionscnaimh nó na tíortha tionscnaimh **in ord íslitheach agus mar aon le céatadán faoi seach a sciar i dtéarmaí meáchain** ar an bpacáistiú **sa réimse radhairc céanna le tásc an táirge**. I bhfianaise mhéid laghdaithe na bpacáistí nach mbíonn ach riar amháin meala **faoi bhun 25 g** iontu (pacáistí bricfeasta) agus na ndeacrachtaí teicniúla a eascraíonn as, is iomchuí, dá bhrí sin, **a cheadú do tháirgeoirí cód tíre ISO 3166 alfa-2 a úsáid in ionad ainmneacha iomlána na dtíortha. Thairis sin, i bhfianaise chuspóir na Straitéise ‘ón bhFeirm go dtí an Forc’, tacaíocht a thabhairt don táirgeadh talmhaíochta agus an bheachaireacht san Aontas Eorpach a chosaint, is den riachtanas an inrianaitheacht agus dianrialuithe teorann a neartú chun calaois a chosc agus an margadh a chosaint.**

Leasú 4

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3a) Léirigh torthaí na gníomhaíochta comhordaithe a rinneadh san Aontas Eorpach^{1a} a riachtanaí atá sé dul chun cinn a dhéanamh maidir le modhanna a bheith ar fáil chun calaois atá nasctha le margú meala a bhrath. Dá bhrí sin, chun a áirithiú go mbunófar modhanna anailíse comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais a dhéanfaidh modhanna a sholáthar chun calaois atá nasctha le

margú meala a bhrath, ba cheart teorainn ama a leagan síos chun go bhfeidhmeoidh an Coimisiún na cumhachtaí a thugtar dó le hAirteagal 4.1 de Threoir 2001/110/CE ón gComhairle.

^{1a} https://food.ec.europa.eu/safety/eu-agri-food-fraud-network/eu-coordinated-actions/honey-2021-2022_en

Réasúinú

Cuireadh i bhfios le torthaí na gníomhaíochta comhordaithe a rinneadh san Aontas Eorpach idir mí na Samhna 2021 agus mí Feabhra 2022 a raibh an Coimisiún Eorpach, an Lárionad Eolais um Chalaois Bhia agus um Cháilíocht an Bhia, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus 16 Bhallstát AE rannpháirteach inti nár mhór dul chun cinn a dhéanamh maidir le modhanna a bheith ar fáil chun calaois atá nasctha le margú meala a bhrath. I bhfianaise na dtorthaí sin, is den riachtanas sprioc a leagan síos faoina bhfeidhmeoidh an Coimisiún na cumhachtaí a dheonaítear dó le hAirteagal 4.1 de Threoir 2001/110/CE an 20 Nollaig 2001 maidir le mil.

Leasú 5

**Togra le haghaidh Treorach
Aithris 3 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3b) Thairis sin, i bhfianaise chuspóir na Straitéise ‘ón bhFeirm go dtí an Forc’, tacaíocht a thabhairt don táirgeadh talmhaíochta agus an bheachaireacht san Aontas Eorpach a chosaint, is den riachtanas an inrianaitheacht agus dianrialuithe teorann a neartú chun calaois a chosc agus an margadh a chosaint. Faoi na rialacha inrianaitheachta i láthair na huair, níl sé indéanta nasc a dhéanamh idir na hoibreoirí éagsúla a mbíonn an táirge á láimhseáil acu, rud a spreagann calaois. Cuirtear i bhfios i dtuarascálacha 2023 ó Ard-Stiúrthóireacht na Sláinte - JRC- agus OLAF ar thruaillmheascadh meala: "EU Coordinate action "From the hives"" agus "EU Coordinate action to

deter certain fraudulent practices in the honey sector - Analytical testing results of imported honeys", go mbraitear go ndéantar truaillmheascadh ar chéatadán an-ard meala allmhairithe agus deimhnítear an iliomad calaoisí in earnáil na meala. Tá oibreoirí ann a úsáideann síoróipí "saincheaptha" ar deacair iad a bhrath, fiú leis na teicnící anailíseacha is sofaisticiúla. Leis an easpa modhanna anailíseacha bailíochtaithe, oifigiúla chun cineálacha nua truaillmheasctha le síoróipí siúcra a bhrath ní bhíonn ar chumas na n-údarás náisiúnta mil ar calaois í a shainaithint. Tá iomaíocht éagórach ag bagairt ar mhargadh meala an Aontais Eorpaigh de bharr soláthar suntasach meala a truaillmheascadh mar gur cuireadh síoróipí siúcra leis, le linn an tsreafa meala nó ag céim éigin sa phróiseas pacáistithe. Tá roinnt gnéithe nach mór a shoiléiriú nó a fheabhsú i dTreoir 2001/110/CE chun na féidearthachtaí calaoise a theorannú agus chun rialuithe a éascú: bearta éigeantacha inrianaitheachta a chomhlánú le córas blocshlabhra, diúltú do mhíl scagtha agus do mhíl ar laghdáíodh an róchion uisce inti trí fholúsghalú.

Leasú 6

**Togra le haghaidh Treorach
Aithris 3 c (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3c) Chun calaois atá nasctha le breisiú le táirgí nach bhfreagraíonn don ainmniú "mil" a theorannú a mhéid is féidir, trína dhéanamh indéanta, inter alia, bailíochtú a dhéanamh ar an gcéadadán meala a úsáidtear i gcomhdhéanamh cumasc, agus chun an trédhearcacht is mó is féidir a thairiscint don tomhaltóir, ní mór na rialacha Eorpacha maidir le hinrianaitheacht a

fhorlíonadh trí chóras blocshlabhra a thabhairt isteach chun go bhféadfar a bheith ar an eolas faoin bhfaisnéis bhunriachtanach a bhaineann le tionscnamh na meala nó na gcineálacha meala i gcumasc, ar an uile leibhéal den slabhra. Caithfear a áirithiú maidir leis na ceanglais nua trédhearcachta a leagtar amach sa Treoir go gcomhlánaíonn siad na rialacha cothrománacha is infheidhme cheana féin d'earnáil an agraibhia (tag. Airteagal 18 de Rialachán Uimh. (CE) 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. I gcás cigireachta ag céim ar bith den táirgeadh, ach rochtain a bheith ann ar mhíoneolas tionscnaimh (tír-réigiún tíre, bliain táirgthe, sainaitheantóir táirgeora) na gcineálacha meala i gcumasc, is fusa go mór do shaotharlann anailise meala an tásca geografach ar phacáistiú na meala a sheiceáil agus calaois a bhrath. Níor cheart go gcuirfeadh na rialacha sin leis an ualach riaracháin ar tháirgeoirí, ach ba cheart go n-éascóidís do thomhaltóirí agus do na húdaráis mhaoirseachta aistear iomlán na meala a rianú ó shaothrú go buidéalú.

Leasú 7

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 3 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3d) Baineann tomhaltóirí míbhrí as an téarma mil scagtha a úsáidtear i dTreoir 2001/110/CE ón gComhairle de bhrí go meascann siad an scagadh tionsclaíoch sin leis an scagadh a dhéanann beachairí chun mioncháithníní céarach agus ábhair eile a bhaint as a gcuid meala tar éis dóibh í a bhaint. Dá bhrí sin, chun aon débhríochas don tomhaltóir a sheachaint agus chun an inrianaitheacht a ráthú, níor cheart mil scagtha mar a shainmhínítear i dTreoir 2001/110/CE í a

mhargú feasta faoin ainm “mil” agus ba cheart an sainmhíniú ar “mil scagtha” a scriosadh de théacs na Treorach. Á thabhairt faoi deara nuair a bhaintear cuid den phailin agus de na míreanna fíoracha a bhíonn i láthair i mil, nó an phailin agus na míreanna fíoracha go léir, trí scagadh agus le scagthóir ar lú ná 100 µm méid na mogall ann, nach féidir tionscnamh geografach meala agus/nó a tionscnamh luibheolaíoch a shainithint go cruinn níos mó. Bíonn sé é i bhfad níos deacra dá réir idirdhealú idir síoróip siúcra nó meascán meala agus síoróipe agus mil. Leis an scagadh tionsclaíoch bíonn sé dodhéanta mil a rianú le cur chuige anailíseach amhail milphailineolaíocht. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II de Threoir 2001/110/CE a leasú chun an leibhéal scagtha ceadaíthe a shonrú, ar leibhéal scagtha é nach ndéanann athrú suntasach ar dhlús agus speictream pailine na meala, ach a bhaineann formhór an ábhair choimhthíoch sa mhil mar sin féin.

Leasú 8

**Togra le haghaidh Treorach
Aithris 3 e (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3e) Díghrádaítear comhábhair áirithe sa mhil le teaschóireáil os cionn 45°C . Leis na táscairí a úsáidtear faoi láthair, eadhon HMF agus an t-innéacs diastáise, is féidir an díghrádú suntasach a dhéantar ar mhil a mheas ach ní bhíonn sé indéanta díghrádú na gcomhábhar níos íogaire sa mhil, amhail inbhéartáis, a thabhairt chun suntais. Ba cheart go mbeadh sé ar chumas tomhaltóirí idirdhealú idir mil nach raibh faoi lé cóireálacha a mbaineann téamh os cionn 45°C leo agus cineálacha eile meala. Dá réir sin, ba cheart an téarma “mil amh”

nó “mil neamhthéite” a bheith ar an lipéad. Chun a rialú nach ndearnadh díghrádú teirmeach ar mhil ar leith, ba cheart fostairseach i gcomhair láithreachta inbhéartáise, einsím atá i bhfad níos íogaire agus a dhíghrádaíonn go han-tapa a luaithe a bhaintear teocht ard amach, sa mhil a leagan síos.

Leasú 9

Proposal for a directive Aithris 3 f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3f) Saobhtar an iomaíocht i margadh an Aontais Eorpaigh de bharr thráchtálú meala nach mbíonn aibíthe go nádúrtha ag beacha, agus an chuid is mó di á hallmhairiú ó thriú tíortha. I bhformhór na gcásanna bíonn folúsghalú an uisce sa mhil i gceist, rud a ídíonn na bolaithe cumhra a bhíonn i láthair ó nádúr. Bíonn an galú uisce sciobtha agus saorga ón mil in iomaíocht leis an bpróiseas díthaisiriúcháin mall a dhéanann beacha go nádúrtha sa choirceog. Caithfear galú saorga a thoirmeasc ar an ábhar sin.

Leasú 10

Togra le haghaidh Treorach Aithris 3 g (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3g) Á mheabhrú go sonraítear go soiléir sa sainmhíniú ar mhil i dTreoir 2001/110/CE agus sa sainmhíniú sa Codex Alimentarius araon an obair a dhéanann na beacha sa choirceog tar éis dóibh a mbarr a shaothrú, barr a dhéanann siad a chlaochlú trina mheascadh le sainábhair dá gcuid féin, a leagan síos, a dhídhiodráitiú, a stóráil, agus a fhágáil le haibiú i gciora na

coirceoige. Is iad na beacha a dhéanann na oibríochtaí sin, dhiodrúitíú agus aibiú ina dhiaidh. Lasmuigh den Aontas Eorpach, tá tíortha a ghlacann leis go mbíonn obair na mbeach sa táirgeadh meala teoranta do shaothrú táil neachtair ó phlandaí nó ó dhrúchtín meala. I gcás míl neamhaibí a tháirgtear sa tslí sin bíonn an cion taise inti go maith os cionn na tairsí 20% a leagtar síos i dTreoir 2001/110/CE. Oibríonn na hoibreoirí le dabhcha téite faoi fholús chun teocht beirthe an uisce sa mhil a theorannú. Mar sin féin, díghradaítear an táirge críochnaitheach leis an bpróiseas sin, agus ídítear na boláí cumhra agus na heinsími. Á áitiú gur cheart go dtóirmiscfeadh an Treoir Meala an próiseas folúsghalaithe sin i gcás meala.

Leasú 11

Togra le haghaidh Treorach Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(8) De thoradh dul chun cinn teicniúil, tá teicnící nua próiseála atá forbartha nó á bhforbairt chun siúcraí a fhaightear go nádúrtha i súnna torthaí agus i súnna torthaí as dlúthán a bhaint go hiomlán nó a pháirtbhaint, chun díriú ar an méadú ar éileamh an tomhaltóra ar tháirgí a bhfuil cion siúcra níos lú iontu. Is féidir táirgí den sórt sin a mhargú san Aontas a mhéid a chomhlíonann siad gach reachtaíocht ábhartha. Mar sin féin, faightear na táirgí sin trí chóireáil nach ceann de na cóireálacha údaraithe i gCuid II, pointe 3, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/112/CE í a chur i bhfeidhm agus a mbíonn a gcion iomlán siúcra, ***a dtugtar leibhéal Brix do thuaslagán uiscí air***, níos ísle ná cion siúcra sù a bhaintear as na torthaí. Mar thoradh air, ní fhéadfar an t-ainm táirge 'sù torthaí' nó 'sù torthaí

Leasú

(8) De thoradh dul chun cinn teicniúil, tá teicnící nua próiseála atá forbartha nó á bhforbairt chun siúcraí a fhaightear go nádúrtha i súnna torthaí, ***i súnna torthaí comhdhlúite*** agus i súnna torthaí as dlúthán a bhaint go hiomlán nó a pháirtbhaint, chun díriú ar an méadú ar éileamh an tomhaltóra ar tháirgí a bhfuil cion siúcra níos lú iontu. Is féidir táirgí den sórt sin a mhargú san Aontas a mhéid a chomhlíonann siad gach reachtaíocht ábhartha. Mar sin féin, faightear na táirgí sin trí chóireáil nach ceann de na cóireálacha údaraithe i gCuid II, pointe 3, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/112/CE í a chur i bhfeidhm agus a mbíonn a gcion iomlán siúcra níos lú ná cion siúcra sù a bhaintear as na torthaí. ***I láthair na huaire is é an leibhéal Brix a úsáidtear chun an cion siúcra iomlán i súnna torthaí agus i súnna***

as dlúthán' a bheith orthu.

torthaí athdheánta a chinneadh. Ní mór smaoiniamh air agus a chinneadh cé acu critéar is infheidhme maidir le ríomh an chion siúcra iomlán i gcás táirgí sú torthaí siúcra-laghdaithe. Mar thoradh air, ní fhéadfar an t-ainm táirge 'sú torthaí' nó 'sú torthaí as dlúthán' a bheith orthu.

Leasú 12

Togra le haghaidh Treorach Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(9) Bíonn an fáil ar tháirgí den sórt sin ag dul i méid i gcónaí ar mhargadh an Aontais. Chun gurbh fhusa na táirgí sin a chur ar an margadh inmheánach, ag cur san áireamh freisin an gá atá le hathfhoirmlíú táirgí a spreagadh chun an méid siúcraí i súnna torthaí a laghdú, ba cheart catagóir nua táirgí a chruthú i gcomhair súnna torthaí a ndearnadh na siúcraí a fhaightear go nádúrtha iontu a bhaint go hiomlán nó go páirteach agus na saintréithe fíor-riachtanacha fisiceacha, ceimiceacha, orgánaileipteacha agus cothaitheacha eile a choimeád. Ba cheart an t-ainm táirge 'sú torthaí siúcra-laghdaithe' nó 'sú torthaí siúcra-laghdaithe as dlúthán' a bheith ar na táirgí sin agus leibhéal Brix níos ísle ná leibhéal Brix an tsú a bhaintear as na torthaí a bheith iontu. Chun comhsheasmhacht le Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 a áirithiú ba cheart an cion siúcra a laghdú 30 % ar a laghad i gcomparáid le sú torthaí agus sú torthaí as dlúthán. Is iomchuí, dá bhrí sin, an chatagóir nua táirgí a chur isteach i gCuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/112/CE chomh maith le rialacha a leagan síos maidir le comhábhair údaráithe na dtáirgí sin, chomh maith leis na cóireálacha agus na substaintí údaráithe.

Leasú

(9) Bíonn an fáil ar tháirgí den sórt sin ag dul i méid i gcónaí ar mhargadh an Aontais. Chun gurbh fhusa na táirgí sin a chur ar an margadh inmheánach, ag cur san áireamh freisin an gá atá le hathfhoirmlíú táirgí a spreagadh chun an méid siúcraí i súnna torthaí a laghdú, ba cheart catagóir nua táirgí a chruthú i gcomhair súnna torthaí a ndearnadh na siúcraí a fhaightear go nádúrtha iontu a bhaint go hiomlán nó go páirteach agus na saintréithe fíor-riachtanacha fisiceacha, ceimiceacha, orgánaileipteacha agus cothaitheacha eile a choimeád, ***taobh amuigh d'athruithe ar toradh iad ar an teicneolaíocht a bhí in úsáid.*** Ba cheart an t-ainm táirge 'sú torthaí siúcra-laghdaithe', ***'súnnna torthaí comhdhlúite siúcra-laghdaithe'*** nó 'sú torthaí siúcra-laghdaithe as dlúthán' a bheith ar na táirgí sin agus leibhéal Brix níos ísle ná leibhéal Brix an tsú a bhaintear as na torthaí a bheith iontu. Chun comhsheasmhacht le Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 a áirithiú ba cheart an cion siúcra a laghdú 30 % ar a laghad i gcomparáid le sú torthaí agus sú torthaí as dlúthán. Is iomchuí, dá bhrí sin, an chatagóir nua táirgí a chur isteach i gCuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/112/CE chomh maith le rialacha a leagan síos maidir le comhábhair údaráithe na dtáirgí sin, chomh maith leis

na cóireálacha agus na substaintí údaraithe.

Leasú 13

Togra le haghaidh Treorach Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(10) I gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/112/CE, féadfar siúcraí breise agus/nó mil a bheith i neachtair torthaí. Chun tacú le táirgeadh agus margú torthaí agus an gá le hathfhoirmlíú táirgí a spreagadh chun an méid siúcraí atá i neachtair torthaí a laghdú á chur san áireamh, ba cheart an cion siúcra **agus/nó meala** a fhéadfar a chur le neachtair thorthaí a bhfuil aigéadacht íseal iontu go nádúrtha agus atá blasta a íslíú.

Leasú

(10) I gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/112/CE, féadfar siúcraí breise agus/nó mil a bheith i neachtair torthaí. Chun tacú le táirgeadh agus margú torthaí agus an gá le hathfhoirmlíú táirgí a spreagadh chun an méid siúcraí atá i neachtair torthaí a laghdú á chur san áireamh, ba cheart an cion siúcra a fhéadfar a chur le neachtair thorthaí a bhfuil aigéadacht íseal iontu go nádúrtha agus atá blasta a íslíú.

Réasúnú

Ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir mil agus siúcraí breise laghdaithe de bharr dea-airíonna meala agus mar a rannchuidíonn sí le nósanna itheacháin sláintiúla.

Leasú 14

Togra le haghaidh Treorach Aithris 12 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(12a) De bhrí go liostaítear i gCuid II, Pointe 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2001/112/CE comhábhair a d'fhéadfaí a úsáid i monarú táirgí a chumhdaítear leis an Treoir. Ceadaítear méid teoranta comhábhair a úsáid i monarú súnna torthaí agus neachtair torthaí. Tá ag méadú ar spéis tomhaltóirí i dtáirgí nuálacha a mbíonn comhábhair eile ó fhoinsí nádúrtha iontu amhail spíosraí agus luibheanna aramatacha (a cheadaítear cheana féin i sú trátaí), trína gcuirtear blas nua ar fáil don tomhaltóir.

Ós rud é go bhféadfadh na saintréithe orgánaileipteacha athrú, ba cheart ainm an chomhábhair a bheith ag gabháil leis an ainm dlíthiúil chun gur fearr a chuirfear tomhaltóirí ar an eolas i gcomhréir le Rialachán (AE) 1169/2011.

Leasú 15

Togra le haghaidh Treorach Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(17) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/113/CE tá an téarma ‘marmaláid’ srianta do mheascán áirithe de thorthaí citris. Mar sin féin, cé gur úsáideadh na hainmneacha dlíthiúla a leagtar síos san Iarscríbhinn sin sa trádáil chun na táirgí dá dtagraítear inti a ainmniú, i roinnt teangacha oifigiúla an Aontais, úsáideann an tsochaí i gcoitinne na téarmaí ‘marmaláid’ agus ‘subh’ go hidirmhalartach chun tagairt do shubha de thorthaí seachas torthaí citris. Chun na cleachtais sin a chur san áireamh i gcás inarb amhlaidh, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann a údarú go n-úsáidí an téarma ‘marmaláid’ don ainm táirge ‘subh’. Chun mearbhall a sheachaint do thomhaltóirí, ba cheart an téarma ‘marmaláid citris’ a úsáid ar fud an Aontais don táirge a raibh an sainiú ‘marmaláid’ air go dtí seo chun idirdhealú a dhéanamh idir an dá chatagóir táirgí. Tá sé sin i gcomhréir freisin leis an gcaighdeán idirnáisiúnta atá léirithe sa Codex Caighdeán Ginearálta le haghaidh subh, glóthach agus marmaláidí, (Codex Stan 296-2009), arna ghlacadh ag an gCoimisiún Codex Alimentarius le linn a 32ú seisiún a reáchtáladh ón 29 Meitheamh go dtí an 4 Iúil 2009, lena ndéantar idirdhealú idir marmaláid citris agus marmaláid nach marmaláid citris í. Is iomchuí, dá bhrí sin, an Treoir sin a athbhreithniú dá réir a mhéid a bhaineann

Leasú

(17) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/113/CE tá an téarma ‘marmaláid’ srianta do mheascán áirithe de thorthaí citris. Mar sin féin, cé gur úsáideadh na hainmneacha dlíthiúla a leagtar síos san Iarscríbhinn sin sa trádáil chun na táirgí dá dtagraítear inti a ainmniú, i roinnt teangacha oifigiúla an Aontais, úsáideann an tsochaí i gcoitinne na téarmaí ‘marmaláid’ agus ‘subh’ go hidirmhalartach chun tagairt do shubha de thorthaí seachas torthaí citris. Chun na cleachtais sin a chur san áireamh i gcás inarb amhlaidh, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann a údarú go n-úsáidí an téarma ‘marmaláid’ don ainm táirge ‘subh’. Chun mearbhall a sheachaint do thomhaltóirí, ba cheart an téarma ‘marmaláid citris’ a úsáid ar fud an Aontais don táirge a raibh an sainiú ‘marmaláid’ air go dtí seo chun idirdhealú a dhéanamh idir an dá chatagóir táirgí. ***Mar sin féin, maidir le Ballstáit nach féidir leo ar chúiseanna teangeolaíocha cloí le hainmniú amháin mar gur téarmaí difriúla iad ‘marmaláid’ agus ‘subh’, ba cheart iad a eisiáimh ón údarú an téarma a chomhfhreagraíonn do ‘marmaláid’ a úsáid don ainmniú ‘subh’.*** Tá sé sin i gcomhréir freisin leis an gcaighdeán idirnáisiúnta atá léirithe sa Codex Caighdeán Ginearálta le haghaidh subh, glóthach agus marmaláidí, (Codex Stan 296-2009), arna ghlacadh ag an gCoimisiún Codex Alimentarius le linn a

leis an ainm táirge ‘marmaláid’.

32ú seisiún a reáchtáladh ón 29 Meitheamh go dtí an 4 Iúil 2009, lena ndéantar idirdhealú idir marmaláid citris agus marmaláid nach marmaláid citris í. Is iomchuí, dá bhrí sin, an Treoir sin a athbheithniú dá réir a mhéid a bhaineann leis an ainm táirge ‘marmaláid’.

Leasú 16

Togra le haghaidh Treorach Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(23) Chun deis a thabhairt do na Ballstáit dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin náisiúnta a ghlacadh ar den riachtanas iad chun an Treoir seo a chomhlíonadh, ba cheart tréimhse trasuí **18 mí** a bhunú. Chun neart ama a thabhairt d’oibreoirí dul in oiriúint do na ceanglais nua, ba cheart nach mbeadh feidhm ag na forálacha náisiúnta sin lena dtrasuitear an Treoir seo go dtí 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo.

Leasú 17

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1 – mír 1 – an chuid réamhráiteach Treoir 2001/110/CE Airteagal 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasaítear **Airteagal 2 de Threoir** 2001/110/CE mar a leanas:

Leasú 18

Leasú

(23) Chun deis a thabhairt do na Ballstáit dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin náisiúnta a ghlacadh ar den riachtanas iad chun an Treoir seo a chomhlíonadh, ba cheart tréimhse trasuí **12 mhí** a bhunú. Chun neart ama a thabhairt d’oibreoirí dul in oiriúint do na ceanglais nua, ba cheart nach mbeadh feidhm ag na forálacha náisiúnta sin lena dtrasuitear an Treoir seo go dtí 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo, ***seachas na forálacha náisiúnta den Treoir seo lena dtrasuitear Treoir 2001/110/CE a bhaineann le mil, nár cheart feidhm a bheith acu go dtí 12 mhí tar éis dháta teacht i bhfeidhm na Treorach seo.***

Leasú

Leasaítear **Treoir** 2001/110/CE mar a leanas:

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 a (nua)
Treoir 2001/110/CE
Airteagal 2 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(1a) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 2:

‘2. maidir leis na hainmneacha táirge dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, pointí 2 agus 3, ní bhainfidh siad ach leis na táirgí a shainmhínítear ansin agus is iad a úsáidfeadh sa trádáil chun an táirgí a ainmniú. Féadfar an t-ainm táirge simplí ‘mil’ a chur in ionad na n-ainmneacha sin, ach amháin i gcás mil chíre, mil chíorbhruair agus mil thionsclaíoch.’

Leasú 19

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1
Treoir 2001/110/CE
Airteagal 2 – mír 4 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(a) Déanfar an tír thionscnaimh inar saothraíodh an mhil a léiriú ar an lipéad. I gcás mil ar de thionscnamh níos mó ná tír amháin í, déanfar na tíortha tionscnaimh inar saothraíodh an mhil a léiriú ar lipéad pacáistí a bhfuil níos mó ná 25 g iontu;

(a) Déanfar an tír thionscnaimh, inar saothraíodh an mhil, a léiriú ar an lipéad ***agus ar éadan an phacáiste, i ngar d’ainm tráchtála an táirge.*** I gcás mil ar de thionscnamh níos mó ná tír amháin í, déanfar na tíortha tionscnaimh inar saothraíodh an mhil a léiriú ar lipéad ***tosaigh*** pacáistí a bhfuil níos mó ná 25 g iontu, ***in ord íslitheach, maille lena gcéatadán faoi seach sa chumasc, agus teorainn lamháltais 5 faoin gcéad i gceist;***
Maidir le pacáistí a bhfuil 25 g meala nó níos lú iontu, léireofar ainmneacha na tíre tionscnaimh ar an lipéad leis an gcód tíre ISO 3166 alfa-2, in ord íslitheach agus lena gcéatadán faoi seach sa chumasc, agus teorainn lamháltais 5 faoin gcéad i gceist.

Leasú 20

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1
Treoir 2001/110/CE
Airteagal 2 – mír 4 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) Chun críocha Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 agus go háirithe Airteagail 12 go 15 de, measfar gur sonraí éigeantacha iad na sonraí a bheidh le léiriú de réir phointe (a) den mhír seo i gcomhréir le hAirteagal 9 den Rialachán sin..

Leasú 21

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 a (nua)
Treoir 2001/110/CE
Airteagal 2 – mír 4 – pointe c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(b) ***Gan dochar d’fhorálacha na Treorach seo***, chun críocha Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 agus go háirithe Airteagail 12 go 15 de, measfar gur sonraí éigeantacha iad na sonraí a bheidh le léiriú de réir phointe (a) den mhír seo i gcomhréir le hAirteagal 9 den Rialachán sin.’

Leasú

(2a) i mír 4, cuirtear an pointe a leanas léi:

‘ (c) Bunófar córas inrianaitheachta i gcomhair meala, lena gcomhlánófar na rialacha cothrománacha is infheidhme cheana féin d’earnáil an agraibhia in Airteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

I gcás mil a tháirgtear san Aontas agus i gcás mil a allmhairítear isteach san Aontas ó thríú tíortha, maidir le gach mil a mhargaítear faoi aitheantóir seachas aitheantóir an bheachaire is saothróir caithfidh aitheantóir atá nasctha le córas inrianaitheachta blocshlabhra a bheith uirthi lena gcumasófar do na húdaráis inniúla stair iomlán na meala a rianú siar

go dtí na beachairí is saothróirí nó go dtí na hoibreoírí i gcás mil allmhairithe. Maidir le haon sonraí pearsanta a ionchuireofar sa chóras inrianaitheachta ní bheidh rochtain ag tomhaltóirí orthu gan toiliú roimh ré tháirgeoirí na baise nó na mbaisceanna lena mbaineann.

Bunóidh na Ballstáit, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus faoina threoir, bunachar sonraí beachairí agus oibreoírí a dhéanann mil a chumasc agus/nó a allmhairiú.

Bunófar lárionad tagartha de chuid an Aontais Eorpaigh do mhíl chun na rialuithe agus an inrianaitheacht a fheabhsú agus chun calaois a bhrath maidir le míl trí thástáil chórasach meala allmhairithe agus measctha, leis na modhanna tástála is déanaí, chun barántúlacht agus cáilíocht na meala a chruthú;

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh faoin ... [12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na treorach seo] ina leagtar amach sonraí teicniúla an chórais inrianaitheachta chomhchuibhithe.'

Leasú 22

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 b (nua)
Treoir 2001/110/CE
Airteagal 2 – mír 4 – pointe d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2b) i mír 4, cuirtear an pointe a leanas léi:

‘(d) seachas i gcás mil thionsclaíoch, féadfar na hainmneacha dá dtagraítear i mír 2 a fhorlíonadh le tásca a thagraíonn d’easpa teaschóireála suntasaí. Beidh an téarma “mil amh” nó “mil neamhthéite”, tagairt d’easpa teaschóireála suntasaí,

san áireamh ar an lipéad ar éadan phacáistiú tráchtála na meala sa chás nach ndearnadh einsímí an-íogair amhail inbhéartáis a dhíghrádú de bharr teaschóireála, sa tréimhse ónar saothraíodh í go dtí gur potaíodh í, agus na coinníollacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, pointí 6 (an t-innéacs diastáise agus an cion hidrocsaimeitíolfúrfúrail) agus 7 (an t-innéacs inbhéartáise) a chomhlíonadh.’

Leasú 23

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 c (nua)
Treoir 2011/110/CE
Airteagal 2 – mír 4 – pointe e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2c) i mír 4, cuirtear an pointe a leanas léi:

‘(e) seachas i gcás mil thionsclaíoch, féadfar na hainmneacha dá dtagraítear i mír 2 a fhorlíonadh le tásca a bhaineann leis an méid a leanas:

- tionscnamh blátha nó glasra, i gcás ina dtagann an táirge go léir nó an chuid is mó de ón tionscnamh sonraithe agus go bhfuil na saintréithe orgánaileipteacha, fisiceimiceacha agus micreasópacha sin aige,

- tionscnamh réigiúnach, críche nó topagrafach, i gcás ina dtagann an táirge go léir ón tionscnamh sonraithe,

- sainchríteir cháilíochta;’

Leasú 24

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 d (nua)
Treoir 2001/110/CE
Airteagal 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2d) Cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 3:

‘I gcás mil thionsclaíoch, léireofar ainm iomlán an táirge go soiléir mar a leagtar amach i bpointe 3 d’Iarscríbhinn I é ar choimeádáin bhuile, ar phacáistíocht agus ar dhoiciméadacht díolacháin.’

Leasú 25

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 e (nua)
Treoir 2001/110/CE
Airteagal 4 – mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2e) In Airteagal 4, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1:

‘Tugtar de chumhacht don Choimisiún modhanna a ghlacadh chun an méid a chomhlíonann mil forálacha Threoir 2001/110/CE ón gComhairle agus na Treorach seo a fhíorú, lena n-áirítear cur chun feidhme inrianaitheacht de chineál blocshlabhrach ina n-ionchorpraítear líon íosta critéar (critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn 3). Glacfar na modhanna sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 7(2) de Threoir 2001/110/CE ón gComhairle agus nuashonrófar go rialta iad. Go dtí go nglacfar na modhanna sin, bainfidh na Ballstáit úsáid nuair is féidir as modhanna bailíochtaithe anailíse a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta acu amhail iad sin atá formheasta ag an Codex Alimentarius chun a fhíorú go gcomhlíontar forálacha na Treorach seo.’

Leasú 26

Togra le haghaidh Treorach

PE752.665v02-00

58/79

RR\1291952GA.docx

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 f (nua)
Treoir 2001/110/CE
Airteagal 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2f) Cuirtear an tAirteagal 4a nua a leanas isteach:

I gcomhréir le hAirteagal 4(1) glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme le linn tréimhse 3 bliana ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo.

Réasúnú

Cuireadh i bhfios le torthaí na gníomhaíochta comhordaithe a rinneadh san Aontas Eorpach idir mí na Samhna 2021 agus mí Feabhra 2022 a raibh an Coimisiún Eorpach, an Lárionad Eolais um Chalaois Bhia agus um Cháilíocht an Bhia, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus 16 Bhallstát AE rannpháirteach inti nár mhór dul chun cinn a dhéanamh maidir le modhanna a bheith ar fáil chun calaois atá nasctha le margú meala a bhrath. Tá an Coimisiún ag obair ar an gceist sin. I bhfianaise na dtorthaí sin, is den riachtanas sprioc a leagan síos faoina bhfeidhmeoidh an Coimisiún na cumhachtaí a dheonaítear dó le hAirteagal 4.1 de Threoir 2001/110/CE an 20 Nollaig 2001 maidir le mil.

Leasú 27

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 g (nua)
Treoir 2001/110/CE
Iarscríbhinn I – pointe 2 – pointe b – pointe viii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2g) In Iarscríbhinn I, cuirtear an méid a leanas in ionad pointe 2, pointe (b)(viii):

‘(viii) mil amh nó mil neamhthéite: an mhil a fuarthas ar mil í a baineadh as na cíora, a scinceáladh agus ansin, dá mba ghá, a criathraíodh. Mil a ainmnítear amhlaidh níor téadh í a mhéid gur díghrádaíodh na heinsími agus na heilimintí teasogaire inti sa mhéid nach gcomhlíonann siad na critéir a leagtar síos i bpointí 6 agus 7 d’Iarscríbhinn II níos mó.

Leasú 28

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 h (nua)
Treoir 2001/110/CE
Iarscríbhinn I – pointe 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2h) In Iarscríbhinn I, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe 3:

‘3. Mil thionsclaíoch

Mil (a) a oireann le haghaidh úsáidí tionsclaíocha nó mar chomhábhar i mbia-ábhair eile a phróiseáiltear ansin agus (b) a bhféadfadh an méid a leanas a bheith ag baint léi:

- blas coimhthíoch nó boladh coimhthíoch uirthi, nó

- í ag coipeadh nó coipthe, nó

- í a bheith róthéite.’

Leasú 29

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 i (nua)
Treoir 2001/110/CE
Iarscríbhinn II – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2i) In Iarscríbhinn II, cuirtear an méid a leanas isteach in ionad an dara fomhír:

‘Nuair a chuirtear ar an margadh í mar mhíl nó nuair a úsáidtear í in aon táirge a ceapadh lena chaitheamh ag an duine, ní chuirfear aon chomhábhar bia eile le mil, lena n-áirítear breiseáin bhia, ná ní chuirfear aon ábhair bhreise eile léi seachas mil. Caithfidh mil, a oiread agus is féidir, a bheith saor ó ábhair orgánacha nó neamhorgánacha atá coimhthíoch dá

comhshuíomh. Taobh amuigh de phointe 3 d'Iarscríbhinn I, caithfidh nach mbeidh aon bhlasanna coimhthíocha ná aon bholadh coimhthíoch uirthi, nach bhfuil sí i mbun coipeadh, nach mbeidh aon aigéadacht arna hathrú go saorga ag baint léi nó nár téadh í ar bhealach a fhágfaidh gur scriosadh na heinsímí nadúrtha inti nó gur díghníomhaíodh go sonrach iad, nó nach raibh sí faoi lé folúsghalaithe.

Caithfidh mil, i gcás ina margaítear mar mhil í nó ina n-úsáidtear í in aon táirge a ceapadh lena chaitheamh ag an duine, na saintréithe comhshuímh a leagtar amach i bpointí 1 go 6 den Iarscríbhinn seo a chomhlíonadh. Ina theannta sin, i gcás ina margaítear mil mar “mhil amh” nó mar “mhil neamhthéite”, caithfidh sí na saintréithe comhshuímh a leagtar amach i bpointe 7 den Iarscríbhinn seo a chomhlíonadh freisin.’

Leasú 30

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 j (nua)
Treoir 2001/110/CE
Iarscríbhinn II – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2j) In Iarscríbhinn II, cuirtear an méid a leanas in ionad an tríú mír:

‘Ní cheadaítear aon athrú suntasach ar áireamh pailine nó ar speictream pailine aon phailin níos lú ná 100 µm. Ní fhéadfar aon chomhábhair meala faoi bhun 100 µm a bhaint.’

Leasú 31

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 k (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2k) *In Iarscríbhinn II cuirtear an pointe a leanas isteach:*

‘7. an t-innéacs inbhéartáise (aonad Gontarski) i gcomhair “mil amh” nó “mil neamhthéite”. Arna chinneadh i ndiaidh próiseála agus cumaisc.

- go ginearálta, ní lú é ná 50 U/kg

- mil a bhfuil cion íseal einsímí inti ó nádúr, ní lú é ná 25U/kg.’

Leasú 32

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 l (nua)
Treoir 2001/110/CE
Iarscríbhinn II a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Iarscríbhinn IIa

BEARTA A BHAINNEANN LE hINRIANAITHEACHT MHEALA Treoirlínte

Seo a leanas na sonraí sainaitheanta a chaithfidh a bheith ag gabháil le mil ar fud an bhiashlabhra, ó tháirgeoir go tomhaltóir, agus a chaithfear a iontráil sa chóras blocshlabhra:

1. Tagairtí don bheachaire is saothróir

2. Luchtóg arna sonrú ag an mbeachaire is saothróir

3. An tsainuimhir a shannann an t-oibreoir neamh-Eorpach lena n-áirithítear díol luchtóg meala a saothraíodh i dtír neamh-Aontais le margadh an Aontais Eorpaigh.

4. Sainaitheantóir uathúil (cód) gach oibreora sa bhiashlabhra a cheannaíonn agus a phróiseálann mil ón mbeachaire is

saothróir. Caitear sa tslí chéanna le hallmhaireoirí meala isteach san Aontas Eorpach is a chaitear le hoibreoírí agus beidh inrianaitheacht meala i bhfeidhm maidir leosan freisin.

5. An bhliain a saothraíodh an mhil agus má díoladh i mbulc í ón saothróir síos an slabhra.

6. An bhliain chumaisc i gcás mil ó thionscnaimh gheografacha dhifriúla (tír thionscnaimh) a cumascadh.

7. I gcás cumasc meala, léiriú ar na céatadáin de na luchtóga difriúla meala arna sonrú de réir a sainaitheantóra agus sainaitheantóir nua a chruthú a nascfar leis an bhfaisnéis bhunaidh.

8. Sainionscnamh blátha nó plandúil i gcás ina luaitear é ar phacáistiú na meala a mhargaítear.

9. Tionscnamh geografach ag freagairt don tionscnamh a shonraítear ar an mil a mhargaítear. Caithfidh an tásc tionscnaimh ceanglais Airteagal 2(4)(a) ar a laghad a chomhlíonadh, i.e. tír an tsaothraithe. Ní fhéadfar an fhaisnéis maidir le tionscnamh a mhodhnú i gcás ar bith agus caithfidh sí a bheith le feiceáil i gcónaí nuair a dhéantar an mhil a mheascadh nó le linn di bheith i mbun taistil. Ní mór gach pacáistiú de mhil chumaisc, ón mbairille go dtí an phrochóg, a lipéadú leis an sainaitheantóir deiridh a sannadh don mhil, chun go bhféadfar é a nascadh leis an mil tionscnaimh uile agus leis na cumaisc éagsúla arna ndéanamh ag oibreoír(i) idirmheánach(a).

Leasú 33

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe c
Treoir 2001/112/CE
Airteagal 3 – mír 4**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Gan dochar do
Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó
Pharlaimint na hEorpa agus ón
gComhairle**, féadfaidh an ráiteas ‘ní
bhíonn siúcraí breise in aon sú torthaí’ a
bheith ar an lipéad sa réimse radhairc
céanna le hainm na dtáirgí dá dtagraítear i
gCuid I, pointe 1, d’Iarscríbhinn I a
ghabhann leis an Treoir seo.

Gan dochar do
Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó
Pharlaimint na hEorpa agus ón
gComhairle**, féadfaidh an ráiteas ‘**gan
aon siúcraí breise’ nó** ‘ní bhíonn siúcraí
breise in aon sú torthaí’ a bheith ar an
lipéad sa réimse radhairc céanna le hainm
na dtáirgí dá dtagraítear i gCuid I, pointe 1,
d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir
seo.

Leasú 34

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 – pointe d
Treoir 2001/112/CE
Airteagal 3 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

6. Gan dochar d’Airteagal 22 de
Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 maidir le
meascáin de shú torthaí agus de shú torthaí
as dlúthán, agus maidir le neachtar torthaí a
fhaightear go hiomlán nó go páirteach ó
tháirge comhdhlúite amháin nó níos mó,
beidh na focail ‘as dlúthá(i)n’ nó ‘go
páirteach as dlúthá(i)n’ ar an lipéadú, de
réir mar is iomchuí. Déanfar an fhaisnéis
sin a iontráil gar d’ainm an táirge, a
sheasfaidh amach go maith ó chúlra ar bith,
i gcarachtair a bheidh infheicthe go soiléir.;

6. Gan dochar d’Airteagal 22 de
Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 maidir le
meascáin de shú torthaí agus de shú torthaí
as dlúthán, **sú torthaí siúcra-laghdaíthe
agus sú torthaí siúcra-laghdaíthe** as
dlúthán, agus maidir le neachtar torthaí a
fhaightear go hiomlán nó go páirteach as
táirge comhdhlúite amháin nó níos mó,
beidh na focail ‘as dlúthá(i)n’ nó ‘go
páirteach as dlúthá(i)n’ ar an lipéadú, de
réir mar is iomchuí. Déanfar an fhaisnéis
sin a iontráil gar d’ainm an táirge, a
sheasfaidh amach go maith ó chúlra ar bith,
i gcarachtair a bheidh infheicthe go soiléir.;

Leasú 35

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4 – an chuid réamhráiteach
Treoir 2001/113/CE
Iarscríbhinn II – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(4) in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid a leanas in ionad an **tríú** fleasc:

(4) in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid a leanas in ionad an **dara go dí an cúigiú** fleasc:

Réasúnú

Dá ndéanfaí úsáid sú chomhdhlúite a údarú i gcomhair na dtáirgí sin, anuas ar an sú torthaí citris comhdhlúite, atá san áireamh cheana féin sa togra ó CE, thioctadh laghdú ar chostais fuinnimh.

Leasú 36

Togra le haghaidh Treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4 – an chuid réamhráiteach

Treoir 2001/113/CE

Iarscríbhinn II – fleasc 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

– sú torthaí i subh amháin,

Leasú

‘– sú torthaí, **bíodh sé comhdhlúite nó ná bíodh**: i subh amháin,

Réasúnú

Dá ndéanfaí úsáid sú chomhdhlúite a údarú i gcomhair na dtáirgí sin, anuas ar an sú torthaí citris comhdhlúite, atá san áireamh cheana féin sa togra ó CE, thioctadh laghdú ar chostais fuinnimh.

Leasú 37

Togra le haghaidh Treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4 – an chuid réamhráiteach

Treoir 2001/113/CE

Iarscríbhinn II – fleasc 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

– sú torthaí citris i dtáirgí a fháightear ó shaghsanna eile torthaí: ach amháin i subh, subh bhreise, glóthach agus glóthach bhreise

Leasú

– sú torthaí citris, **bíodh sé comhdhlúite nó ná bíodh**: i dtáirgí a fháightear ó shaghsanna eile torthaí: ach amháin i subh, subh bhreise, glóthach agus glóthach bhreise

Réasúnú

Dá ndéanfaí úsáid sú chomhdhlúite a údarú i gcomhair na dtáirgí sin, anuas ar an sú torthaí citris comhdhlúite, atá san áireamh cheana féin sa togra ó CE, thiocfadh laghdú ar chostais fuinnimh.

Leasú 38

Togra le haghaidh Treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4 – an chuid réamhráiteach

Treoir 2001/113/CE

Iarscríbhinn II – fleasc 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

– sú torthaí dearga: ach amháin i subh agus subh bhreise arna monarú as mogóirí róis, sútha talún, sútha craobh, spíonáin, cuiríní dearga, plumaí agus biabhóg,

Leasú

– sú torthaí dearga, **bíodh sé comhdhlúite nó ná bíodh**: ach amháin i subh agus subh bhreise arna monarú as mogóirí róis, sútha talún, sútha craobh, spíonáin, cuiríní dearga, plumaí agus biabhóg,

Réasúnú

Dá ndéanfaí úsáid sú chomhdhlúite a údarú i gcomhair na dtáirgí sin, anuas ar an sú torthaí citris comhdhlúite, atá san áireamh cheana féin sa togra ó CE, thiocfadh laghdú ar chostais fuinnimh.

Leasú 39

Togra le haghaidh Treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4 – an chuid réamhráiteach

Treoir 2001/113/CE

Iarscríbhinn II – fleasc 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

– sú biatas dearg: ach amháin i subh agus glóthach arna monarú as sútha talún, sútha craobh, spíonáin, cuiríní dearga agus plumaí

Leasú

– sú biatas dearg, **bíodh sé comhdhlúite nó ná bíodh**: ach amháin i subh agus glóthach arna monarú as sútha talún, sútha craobh, spíonáin, cuiríní dearga agus plumaí, ’;

Réasúnú

Dá ndéanfaí úsáid sú chomhdhlúite a údarú i gcomhair na dtáirgí sin, anuas ar an sú torthaí citris comhdhlúite, atá san áireamh cheana féin sa togra ó CE, thiocfadh laghdú ar chostais

fuinnimh.

Leasú 40

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 4 – mír 1 – pointe 2

Treoir 2001/114/CE

Iarscríbhinn I – pointe 3 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(d) An cion lachtóis a laghdú trína thiontú go glúcós agus galachtós. Ní cheadófar modhnuithe ar chomhdhéanamh bainne tar éis na **coíreála** sin ach amháin má léirítear go doscriosta iad ar phacáistíocht an táirge ionas gur féidir iad a fheiceáil agus a léamh go héasca. Mar sin féin, ní bhfaighidh léiriú den chineál sin réidh leis an oibleagáid, a mhéid a bhaineann le lipéadú cothúcháin, a leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011. Féadfaidh na Ballstáit modhnuithe ar chomhdhéanamh bainne dá dtagraítear sa phointe (d) sin a theorannú nó a thoirmeasc.;

Leasú 41

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [OP: cuir isteach an dáta = **18 mí** tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Leasú 42

Leasú

(d) An cion lachtóis a laghdú **trí scagadh agus/nó** trína thiontú go glúcós agus galachtós. Ní cheadófar modhnuithe ar chomhdhéanamh bainne tar éis na **gcóireálacha** sin ach amháin má léirítear go doscriosta iad ar phacáistíocht an táirge ionas gur féidir iad a fheiceáil agus a léamh go héasca. Mar sin féin, ní bhfaighidh léiriú den chineál sin réidh leis an oibleagáid, a mhéid a bhaineann le lipéadú cothúcháin, a leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011. Féadfaidh na Ballstáit modhnuithe ar chomhdhéanamh bainne dá dtagraítear sa phointe (d) sin a theorannú nó a thoirmeasc.;

Leasú

Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [OP: cuir isteach an dáta = **12 mhí** ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón [OP: cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

Leasú

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón [OP: cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], ***seachas na forálacha i gcomhréir le Treoir 2001/110/CE a bhaineann le mil, a bheidh i bhfeidhm ón [OP cuir siteach an dáta = 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].***

Leasú 43

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 6 – mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Táirgí a chuirtear ar an margadh nó a lipéadaítear roimh [OP: cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], i gcomhréir le Treoracha ***2001/110/CE***, 2001/112/CE, 2001/113/CE agus 2001/114/CE, féadfar leanúint lena margú go dtí go mbeidh na stoic ídithe.

Leasú

Táirgí a chuirtear ar an margadh nó a lipéadaítear roimh [OP: cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], i gcomhréir le Treoracha 2001/112/CE, 2001/113/CE agus 2001/114/CE, féadfar leanúint lena margú go dtí go mbeidh na stoic ídithe. ***Táirgí a chuirtear ar an margadh nó a lipéadaítear roimh [OP: cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], i gcomhréir le Treoir 2001/110/CE, féadfar leanúint lena margú go dtí go mbeidh na stoic ídithe.***

Leasú 44

**Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn I – mír 1 – an chuid réamhráiteach
Treoir 2001/112/CE
Iarscríbhinn I, III agus V**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasaítear Iarscríbhinní I ***agus III*** a ghabhann le Treoir 2001/112/CE mar a

Leasú

Leasaítear Iarscríbhinní I, ***III agus V*** a ghabhann le Treoir 2001/112/CE mar a

leanas:

leanas:

Leasú 45

Togra le haghaidh Treorach

Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 – pointe a

Treoir 2001/112/CE

Iarscríbhinn I – cuid 1 – pointe 6 – pointe c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(c) Sú torthaí siúcra-laghdaíthe comhdhlúite

An táirge a fhaightear as sú torthaí speiceas torthaí amháin nó níos mó trí chóimheas sonrach den chion uisce a bhaint go fisiciúil agus i gcás inar baineadh 30 % ar a laghad de shiúcraí a fhaightear go nádúrtha trí úsáid a bhaint as próiseas a údaraítear faoi na coinníollacha a leagtar síos i gCuid II, pointe 3, d'Iarscríbhinn I, lena gcoinnítear slán na saintréithe fisiceacha, ceimiceacha, orgánaileipteacha agus cothaitheacha fíor-riachtanacha eile a bhaineann le meánchineál sú na dtorthaí as a dtagann sé. I gcás táirge atá beartaithe lena chaitheamh go díreach, is 50% ar a laghad den chion uisce a bhainfear. Féadfar blastán, laíon agus cealla a fhaightear ar mhodh fisiceach iomchuí ón speiceas céanna toraidh a chur ar ais sa sú torthaí comhdhlúite.

Leasú 46

Togra le haghaidh Treorach

Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 – pointe b – pointe i – fleasc 1

Treoir 2001/112/CE

Iarscríbhinn I – cuid 2 – pointe 2 – fleasc 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

‘– I gcás sú torthaí, súnna torthaí as dlúthán, súnna torthaí comhdhlúite, sú torthaí siúcra-laghdaíthe agus súnna torthaí

‘– I gcás sú torthaí, súnna torthaí as dlúthán, súnna torthaí comhdhlúite, sú torthaí siúcra-laghdaíthe, **súnná torthaí**

siúcra-laghdaíthe as dlúthán: blas, laíon agus cealla a cuireadh ar ais;’;

comhdhlúite siúcra-laghdaíthe agus súnna torthaí siúcra-laghdaíthe as dlúthán: blas, laíon agus cealla a cuireadh ar ais;’;

Leasú 47

Togra le haghaidh Treorach

Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 – pointe b – pointe i – fleasc 4 a (nua)

Treoir 2001/112/CE

Iarscríbhinn I – cuid A – pointe 2 – fleasc 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

– *Cuirtear an fhleasc a leanas isteach:*

- Spíosraí agus luibheanna aramatacha

I gcomhair táirgí nach ndéantar ach as táirgí arna liostú in Iarscríbhinn I agus spíosraí agus/nó luibheanna, ba cheart gur mar seo d’ainm tuairisciúil i gcomhréir le Rialachán (AE) 1169/2011 “[an t-ainm in Iarscríbhinn I] agus [ainm (breise) an spíosra/na luibhe]”.

Leasú 48

Togra le haghaidh Treorach

Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 – pointe b – pointe i – fleasc 4 b (nua)

Treoir 2001/112/CE

Iarscríbhinn I – cuid 2 – pointe 2 – fleasc 8 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

– *cuirtear isteach an fhleasc a leanas:*

- Snáithín

I gcomhair táirgí nach ndéantar ach as táirgí arna liostú in Iarscríbhinn I agus snáithín, ba cheart gur mar seo d’ainm tuairisciúil i gcomhréir le Rialachán (AE) 1169/2011 “[an t-ainm in Iarscríbhinn I] agus snáithín (breise)”.

Leasú 49

Togra le haghaidh Treorach

Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 – pointe b – pointe ii – an chuid réamhráiteach

Treoir 2001/112/CE

Iarscríbhinn I – cuid 2 – pointe 3 – fleasc 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ii) leasaítear pointe 3 mar a leanas:

(ii) leasaítear pointe 3 mar a leanas:

- cuirtear an méid a leanas in ionad an cheathrú fleasc:

- Ullmhóidí einsíme: peictionáisí (chun peictin a bhriseadh síos), próitéanáisí (chun próitéiní a bhriseadh síos) agus amaláisí (chun stáirse a bhriseadh síos) a chomhlíonfaidh ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1332/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le heinsímí bia (1)

- Ullmhóidí einsíme: peictionáisí (chun peictin a bhriseadh síos), próitéanáisí (chun próitéiní a bhriseadh síos) agus amaláisí (chun stáirse a bhriseadh síos), **ceallaláisí (a n-úsáid teoranta do bhallaí ceall a bhriseadh síos), ocsaídí dí-ocsaíodáis, hidraláisí, traschuráisí agus isiméaráisí (chun siúcraí a dhí-ocsaídiú)** a chomhlíonfaidh ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1332/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le heinsímí bia (1)

Leasú 50

Togra le haghaidh Treorach

Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 – pointe b – pointe ii – fleasc 2

Treoir 2001/112/CE

Iarscríbhinn I – cuid 2 – pointe 3 – fleasc 12 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

próisis chun siúcraí a fhaightear go nádúrtha a bhaint, a mhéid a choinníonn siad slán na saintréithe fisiceacha, ceimiceacha, orgánaileipteacha agus cothaitheacha fíor-riachtanacha eile go léir a bhaineann le meánchineál sú na dtorthaí as a dtagann sé: **scagachán scannáin, coipeadh giosta.**;

próisis chun siúcraí a fhaightear go nádúrtha a bhaint, a mhéid a choinníonn siad slán na saintréithe fisiceacha, ceimiceacha, orgánaileipteacha agus cothaitheacha fíor-riachtanacha eile go léir a bhaineann le meánchineál sú na dtorthaí as a dtagann sé, **seachas athruithe mar thoradh ar an teicneolaíocht in úsáid: próisis scannáin, próisis choipthe agus próisis einsímeacha.**

Leasú 51

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 2 a (nua)
Treoir 2001/112/CE
Iarscríbhinn V – Tábla – ró 20 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2a) Leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2001/112/CE mar a leanas:

Gnáthainm an Toraidh Oráiste Craorag
Ainm Luibheolaíoch *Citrus × sinensis*
Íosléibhéil Brix: 10

Leasú 52

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 1 – pointe a
Treoir 2001/113/CE
Iarscríbhinn 1 – cuid 1 – fleasc 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit a údarú go n-úsáidfean an téarma ‘marmaláid’ don táirge darb ainm ‘subh’, chun cleachtais shochoaíocha a chur san áireamh.

Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit a údarú go n-úsáidfean an téarma ‘marmaláid’ don táirge darb ainm ‘subh’, chun cleachtais shochoaíocha a chur san áireamh. ***Mar sin féin, maidir le Ballstáit nach féidir leo ar chúiseanna teangeolaíocha cloí le hainmniú amháin mar gur téarmaí difriúla iad ‘marmaláid’ agus ‘subh’, eisiatar iad ón údarú an téarma a chomhfhreagraíonn do ‘marmaláid’ a úsáid don ainmniú ‘subh’.***

Leasú 53

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 1 – pointe a
Treoir 2001/113/CE
Iarscríbhinn I – cuid 1 – pointe a – fleasc 1 – fomhír 3 – fofhleasc 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

– **450 g** mar riail ghinearálta,

– **400 g** mar riail ghinearálta,
méadófar an méid sin go 450 g ó 2030 ar

aghaidh;

Leasú 54

Togra le haghaidh Treorach

Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 1 – pointe a

Treoir 2001/113/CE

Iarscríbhinn I – cuid 1 – pointe a – fleasc 1 – fomhír 3 – fofhleasc 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

– **350** g i gcás cuiríní dearga, caora caorthainn, draighneáin mhara, cuiríní dubha, mogóirí róis agus cainchí,

Leasú

– **300** g i gcás cuiríní dearga, caora caorthainn, draighneáin mhara, cuiríní dubha, mogóirí róis agus cainchí, ***méadófar an méid sin go 350 g ó 2030 ar aghaidh;***

Leasú 55

Togra le haghaidh Treorach

Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 1 – pointe a

Treoir 2001/113/CE

Iarscríbhinn I – cuid 1 – pointe a – fleasc 1 – fomhír 3 – fofhleasc 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

– **250** g i gcás sinséir,

Leasú

– **200** g i gcás sinséir, ***méadófar an méid sin go 250 g ó 2030 ar aghaidh;***

Leasú 56

Togra le haghaidh Treorach

Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 1 – pointe a

Treoir 2001/113/CE

Iarscríbhinn I – cuid 1 – pointe a – fleasc 1 – fomhír 3 – fofhleasc 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

– **230** g i gcás úlla caisiú,

Leasú

– **200** g i gcás úlla caisiú, ***méadófar an méid sin go 230 g ó 2030 ar aghaidh;***

Leasú 57

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 1 – pointe a
Treoir 2001/113/CE
Iarscríbhinn I – cuid 1 – pointe a – fleasc 1 – fomhír 3 – fofhleasc 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

– **80 g** i gcás páiseoga

– **70 g** i gcás páiseoga, **méadófar an méid sin go 80 g ó 2030 ar aghaidh;**

Leasú 58

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 1 – pointe a
Treoir 2001/113/CE
Iarscríbhinn I – cuid 1 – pointe a – fleasc 2 – fomhír 3 – fofhleasc 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

– **550 g** mar riail ghinearálta,

– **500 g** mar riail ghinearálta,
méadófar an méid sin go 550 g ó 2030 ar aghaidh;

Leasú 59

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 1 – pointe a
Treoir 2001/113/CE
Iarscríbhinn I – cuid 1 – pointe a – fleasc 1 – fomhír 3 – fofhleasc 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

– **450 g** i gcás cuiríní dearga, caora caorthainn, draighneáin mhara, cuiríní dubha, mogóirí róis agus cainchí,

– **400 g** i gcás cuiríní dearga, caora caorthainn, draighneáin mhara, cuiríní dubha, mogóirí róis agus cainchí,
méadófar an méid sin go 450 g ó 2030 ar aghaidh;

Leasú 60

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 1 – pointe a
Treoir 2001/113/CE
Iarscríbhinn I – cuid 1 – pointe a – fleasc 2 – fomhír 4 – fofhleasc 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

– 350 g i gcás sinséir,

– 300 g i gcás sinséir, *méadófar an méid sin go 350 g ó 2030 ar aghaidh;*

Leasú 61

Togra le haghaidh Treorach

Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 1 – pointe a

Treoir 2001/113/CE

Iarscríbhinn I – cuid 1 – pointe a – fleasc 2 – fomhír 4 – fofhleasc 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

– 290 g i gcás úlla caisiú,

– 260 g i gcás úlla caisiú, *méadófar an méid sin go 290 g ó 2030 ar aghaidh;*

Leasú 62

Togra le haghaidh Treorach

Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 1 – pointe a

Treoir 2001/113/CE

Iarscríbhinn I – cuid 1 – pointe a – fleasc 2 – fomhír 4 – fofhleasc 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

– 100 g i gcás páiseoga.;

– 90 g i gcás páiseoga, *méadófar an méid sin go 100 g ó 2030 ar aghaidh;*

Leasú 63

Togra le haghaidh Treorach

Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 1 – pointe b

Treoir 2001/113/CE

Iarscríbhinn I – cuid 1 – fleasc 5 – mír 2 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

San ainm ‘marmaláid chitris’, féadfar ainm an toraidh citris in úsáid a chur in ionad an téarma ‘toradh citris’.

Réasúnú

Forordaítear in Airteagal 2 (2) de Threoir 2001/113/CE an t-ainm a fhorlíonadh le léiriú ar an toradh in úsáid. Gan an leasú sin is “marmaláid citris líomóidí” nó “marmaláid citris oráistí” a thabharfaí ar mharmaláid citris a dhéantar as líomóidí nó as oráistí, cé gur “marmaláid líomóidí” nó “marmaláid oráistí” a tugadh uirthi go dtí seo. Ó thaobh soiléire de don tomhaltóir, ba cheart go bhféadfaí an t-ainm reatha a úsáid i gcónaí ós rud é nach gá tagairt don dá thoradh citris de réir ainm na catagóire agus de réir sainainm an toraidh citris.

IARSCRÍBHINN: EINTITIS NÓ DAOINE ÓNA BHFUAIR AN RAPÓIRTÉIR DON TUAIRIM IONCHUR

Fuair an rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine a leanas le linn ullmhú na tuairime(, go dtí go nglacfar sa choiste í):

Eintiteas agus/nó duine
Copa Cogeca thar ceann Choiste na nEagraíochtaí Talmhaíochta Gairmiúla san Aontas Eorpach
An tUas. George Pittas thar ceann CHÓNAIDHM PACÁLAITHE, DÁILEOIRÍ AGUS ONNMHAIREOIRÍ MEALA NA GRÉIGE (SETSEM)
Seirbhís Taighde Parlaimint na hEorpa

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a rinneadh an liosta thuas a tharraingt suas.

NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	lena leasaítear Treoir 2001/110/CE ón gComhairle maidir le mil, Treoir 2001/112/CE ón gComhairle maidir le súna torthaí agus táirgí cosúla áirithe a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine, Treoir 2001/113/CE ón gComhairle maidir le subha torthaí, glóthacha agus marmaláidí agus purée castáin milsithe a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine agus Treoir 2001/114/CE ón gComhairle maidir le bainne leasaithe atá díohiodráitithe go páirteach nó go hiomlán a ceapadh lena chaitheamh ag an duine
Tagairtí	COM(2023)0201 – C9-0140/2023 – 2023/0105(COD)
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ENVI 8.5.2023
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	AGRI 8.5.2023
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	Emmanouil Fragkos 23.5.2023
Pléite sa choiste	22.5.2023 18.9.2023
Dáta an ghlactha	16.11.2023
Toradh na vótála críochnaithí	+: 36 –: 0 0: 0
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Mazaly Aguilar, Clara Aguilera, Atidzhe Alieva-Veli, Benoît Biteau, Franc Bogovič, Daniel Buda, Isabel Carvalhais, Asger Christensen, Dacian Cioloș, Paolo De Castro, Jérémy Decerle, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Luke Ming Flanagan, Dino Giarrusso, Martin Häusling, Martin Hlaváček, Krzysztof Jurgiel, Jarosław Kalinowski, Camilla Laureti, Gilles Lebreton, Norbert Lins, Marlene Mortler, Juozas Olekas, Bert-Jan Ruissen, Anne Sander, Petri Sarvamaa, Sarah Wiener
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Asim Ademov, Jan Huitema, Ladislav Ilčić, Cristina Maestre Martín De Almagro, Dan-Ștefan Motreanu
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Adrian-Dragoș Benea, Lydie Massard, Ville Niinistö

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

36	+
ECR	Mazaly Aguilar, Ladislav Ilčić, Krzysztof Jurgiel, Bert-Jan Ruissen
ID	Gilles Lebreton
NI	Dino Giarrusso
PPE	Asim Ademov, Franc Bogovič, Daniel Buda, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Jarosław Kalinowski, Norbert Lins, Marlene Mortler, Dan-Ștefan Motreanu, Anne Sander, Petri Sarvamaa
Renew	Atidzhe Alieva-Veli, Asger Christensen, Dacian Cioloș, Jérémy Decerle, Martin Hlaváček, Jan Huitema
S&D	Clara Aguilera, Adrian-Drașoș Benea, Isabel Carvalhais, Paolo De Castro, Camilla Laureti, Cristina Maestre Martín De Almagro, Juozas Olekas
The Left	Luke Ming Flanagan
Verts/ALE	Benoît Biteau, Martin Häusling, Lydie Massard, Ville Niinistö, Sarah Wiener

0	-

0	0

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh